

TUARASCÁIL BHLIANTUIL 2021

Pobail Inacmhainne Inbhuanaithe



PRÍOMHSTAITISTICÍ 2021



51 Ball Foirne LDA faoi dheireadh Mhárta 2022



Timpeall 5,200 teach i mbun an phróisis dearaidh agus forbartha



14 shuíomh ar fud na hÉireann

7 i mBaile Átha Cliath, 2 i gCorcaigh, 1 i Luimneach, 2 i nGaillimh, 1 i gCill Dara agus 1 san Iarmhí



Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolas www.lda.ie



CLÁR NA NÁBHAR

Buaicphointí 2021	2
Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh	4
Baill an Bhoird	8
An tAcht fán nGníomhaireacht Forbartha Talún 2021	12
Tithíocht do Chách	14
Straitéis Rannpháirtíochta Pobail agus Páirtithe Leasmhara LDA	16
Punann na Suíomhanna Reatha	18
Tionscnaimh Limistéir Straitéisigh	22
Tionscadal Tosaigh	25
Bunachar Sonraí Tailte Stáit	26
Bainistíocht Riosca	27
Comhlíonadh	27
Acmhainní Daonna	29

Ráitis Airgeadais	
Eolas Ginearálta	31
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta	32
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	38
Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleách	42
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	44
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile	45
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	46
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	47
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	48

BUAICPHOINTÍ 2021

3
Feabhra
2021

An Bille um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 **tionscanta chun bonn reachtúil a thabhairt don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA)**

26
Feabhra
2021

Tús curtha le luathchomhairliúchán ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún **le pobail ar Thionscadal Dhún Uabhair i mBaile Átha Cliath**

19
Aibreán
2021

Cead pleanála do 265 teach ar iar-shuíomh **Ospidéal Naomh Caoimhín** i gCorcaigh faighte ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún

19
Aibreán
2021

Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha Talún **iarrratas pleanála isteach do 221 teach** sa **Nás, Cill Dara**

26
Aibreán
2021

Máistirphlean do thionscadal Dhún Droma Láir i mBaile Átha seolta ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún

21
Iúil
2021

Achtaíodh an tAcht fán nGníomhaireacht Forbartha Talún 2021 ag tabhairt bonn reachtúil don Gníomhaireacht Forbartha Talún chun talamh poiblí ábhartha a fhorbairt agus a athnuachan d'fhonn tithíocht a sholáthar

2
Meán
Fómhair
2021

D'fhoilsigh an Rialtas *Tithíocht do Chách le plananna don Gníomhaireacht Forbartha Talún chun seachadadh tithe inacmhainne a luathú trína tionscnamh Tionscadal Tosaigh*

16
Meán
Fómhair
2021

Plananna do Cheathrú Stáisiún Cholbaird i Luimneach seolta ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún

17
Eanáir
2022

Plananna do thart ar 543 teach nua, ardchaighdeán sóisialta agus cosa i lár Chathair Bhaile Átha Cliath – Tionscadal Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath foilsithe ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún

30
Márta
2022

Chuir an Gníomhaireacht Forbartha Talún **iarratas planála isteach do 977 teach nua mar chuid de thionscadal Dhún Droma Láir i mBaile Átha Cliath i Márta 2022**

COMHRÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

In 2021, lean an phaindéim ar aghaidh ag cruthú dúshláin don earnáil forbartha agus tógála in Éirinn agus chun dul chun cinn ar fud an tionscail a spreagadh. Mar sin féin, in ainneoin an túis dhúshlánaigh, rinne an LDA dul chun cinn suntasach sa tréimhse, le roinnt garspriocanna bainte amach maidir le reachtaíocht bhunaidh an LDA agus chomh maith leis sin, an rud is tábhachtaí, maidir le soláthar tithe inacmhainne.

Leanamar ar aghaidh ag neartú ár n-eagraíochta trí fháilte a chur roimh bhail foirne nua a thugann, i dteannta a chéile, saineolas agus éagsúlacht bhreise don Ghníomhaireacht. Ar leibhéal an Bhoird, creidimid go dtabharfaidh Cathaoirleach nua, agus próiseas do cheapacháin Boird atá le teacht, taithí agus eolas ábhartha breise chun straitéis agus cinnteoireacht na Gníomhaireachta a stiúradh. Le chéile, táimid in ann leas a bhaint as an dul chun cinn a rinneadh in 2021 trí thithe nua inacmhainne a thabhairt chun críche in 2022. Tá sonraí breise ar phríomhéachtaí an LDA agus ar an dul chun cinn a rinneadh le linn 2021 thíosluaite.

An tAcht LDA, 2021

Síníodh an tAcht LDA 2021 ('an tAcht') ina dhlí i mí Iúil 2021, agus tharla tosach feidhme le formhór na n-alt den Acht i Márta 2022. Tá iarrtha ag an gcomhlacht ar an Aire tús a chur le hailt bhreise den Acht, go háirithe, chun ligean don LDA talamh a fháil ó eintitis sceidealta. Bhunaigh an tAcht an LDA mar chomhlacht tráchtála leathstáit a bhfuil an chumhacht aige tabhairt faoi raon leathan gníomhaíochtaí chun a shainordú a chomhlíonad, lena n-áirítear talamh poiblí a bhainistiú agus a fhorbairt, agus comhoibriú le páirtithe eile chun tithíocht a sholáthar. I ndeireadh na dála, tugann an bonn taca reachtúil seo cumhacht don LDA ról ríthábhachtach a imirt i soláthar tithíochta a mhéadú ar fud an Stáit agus chun tacú le spriocanna agus cuspóirí tithíochta straitéiseacha an Rialtais i gcoitinne a bhaint amach. Go ríthábhachtach, bhunaigh sé an LDA mar eagraíocht neamhspleách faoi dhlí na gcuideachtaí agus maoiniú gnáthscaireanna aici suas le €1.25 billiún óna scairsealbhóirí Aireachta, agus an cumas aici an méid breise céanna a chruinniú trí fhiacha.

Forbairt ar Thalamh Poiblí le haghaidh Tithíochta Poiblí

In ainneoin na Paindéime, tá tithíocht inacmhainne ar scála mór curtha chun cinn ag an LDA ar a chúlsoláthar talún Stát-fhoinsithe atá ag méadú trí 2,300 aonad tithíochta inacmhainne agus sóisialta a chur tríd an bpróiseas pleanála. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an tsraith tionscadal forbartha beartaithe seo le linn 2021, agus rinneadh iarratais phleanála go luath in 2022 tar éis comhairliúcháin fairsing pobail ar feadh ceithre shuíomh suntasacha: Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar Dhún Droma, Baile Átha Cliath, Dún Uí Dhubhuí an Nás, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, agus Baile Haicéid na Sceirí. Má cheadaítear iad, ligfidh na forbairtí seo don LDA tús a chur le tógáil ar na 2,300 teach inacmhainne agus sóisialta sin.

Chuaigh láithreáin i Seanganach Chontae Bhaile Átha Cliath (i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin) agus Naomh Caoimhín i gCorcaigh chun tairisceana le haghaidh conraitheoirí in 2021. Tá tógáil le tosú ar an dá shuíomh sa dara leath de 2022. Nuair a bheidh an 597 teach beartaithe críochnaithe i Seanganach, beidh sé ar an tionscadal tithíochta inacmhainne agus sóisialta is mó sa Stát. Agus naisc mhaithe iompair aige, chomh maith le rochtain ar spás oscailte agus ar thaitneamhachtaí, is príomhchuspóir forbartha é bunú pobail láidir s bhfuil hardchaighdeán maireachtála aige a spreagadh, é éascaithe ag costas cóiríochta inacmhainne.

Déanfimid iarracht cur leis an tsraith forbartha beartaithe seo de réir shainordú an Rialtais. Tá tionscadail níos fadtéarmaí ag Stáisiún Cholbaird i Luimneach, Bóthar an Ghainimh, Gaillimh, Dughailte Chorcaí, agus Mol Digiteach Bhaile Átha Cliath go léir ag dul ar aghaidh trí chéimeanna coincheapa agus máistirphleanála, agus tá foirne dearaidh ag tabhairt iarratais phleanála chun cinn



John Coleman | Príomhfheidhmeannach



Cormac O'Rourke | Cathaoirleach

do Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath agus Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath, i measc suíomhanna eile.

Tá na hÚdaráis Áitiúla ina gcomhpháirtí mór leis an LDA maidir le tithíochta áitiúil sóisialta agus inacmhainne a fhorbairt. Leanaimid ag forbairt bealaí breise comhoibríthe chun ár n-aidhm choiteann maidir le soláthar tithíochta inacmhainne níos tapúla a luathú. Ní bheadh scéim Sheangánaí, agus scéimeanna eile dá leithéid, bainte amach gan dlúth-chomhpháirtíochtaí na nÚdarás Áitiúil.

Tithíocht do Chách

Seoladh straitéis tithíochta an Rialtais, *Tithíocht do Chách*, i mí Mheán Fómhair 2021 agus tá sí dírithe ar leibhéil aschuir a mhéadú go dtí meán de 33,000 aonad nua ar a laghad in aghaidh na bliana thar na deich mbliana atá romhainn. Áirítear leis seo 10,000 teach sóisialta agus 6,000 teach inacmhainne ar an meán le ceannach nó le ligean ar cíos thar na 5 bliana amach romhainn. Beidh ról lárnach ag an LDA maidir le cabhrú le baint amach na spriocanna seo, in éineacht le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna). Beidh ról mór ag an LDA, go háirithe, i réimse cíosa costais, tionacht nua tithíochta a sholáthraíonn tithe ar chíosanna bunaithe ar a gcostas táirgthe, seachas iad a bheith bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh.

Tacóidh an LDA le baint amach spriocanna seachadta trí dhá phríomhfhoinsí: (1) forbairt dhíreach ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta ar thailte an Stáit; agus (2) trí thionscnamh nua a chur chun cinn – Tionscadal Tosaigh – a bhfuil sé mar aidhm aige seachadadh na dtithe nua inacmhainne a luathú tuilleadh trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le húinéirí talún san earnáil neamh-Stáit d'fhonn forbairtí a chur ar fáil.

Éascaíonn *Tithíocht do Chách* treocht seachadta an LDA san fhadtéarma freisin. Cé go bhfuil tráinse tosaigh de thailte an Stáit, a chruthóidh thart ar 6,000 teach, á chur chun cinn cheana féin ag an LDA, tá tuilleadh tailte aitheanta ag *Tithíocht do Chách* le cur ar fáil don LDA chun tionscadail forbartha tithíochta breise a chur chun cinn i dtreo dheireadh na ndeich mbliana. Meastar go bhfuil an cumas ag na tailte seo suas le 15,000 teach a sheachadadh agus, i go leor cásanna, beidh siad mar chuid d'athbheochan mhór ar ionaid uirbeacha ar fud na hÉireann. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an LDA, le tacaíocht ón Rialtas, tuilleadh dul chun cinn i dtreo na tailte seo a aimsiú trí phlé a dhéanamh leis comhlachtaí a bhfuil tailte ina n-úinéireacht acu faoi láthair.

Tionscadal Tosaigh

Tá sé de chúram ar an LDA tithe inacmhainne a bhaint amach ar aon talamh, ní hamháin ar thalamh atá faoi úinéireacht an Stáit. Meastar go bhfuil cead pleanála faofa do 70,000 – 80,000 aonad ar thailte ar fud na tíre nach bhfuil tús curtha le forbairt orthu go fóill. Is féidir leis an LDA ról a imirt maidir lena a gcur ar fáil agus i gcinntiú go mbeidh siad ina dtithe inacmhainne.

Sin é an fáth go bhfuil tionscnamh dar teideal Tionscadal Tosaigh seolta againn, atá ceaptha chun 5,000 teach a sholáthar ar na tailte seo nach mbeidís tógtha nó a bheadh moill ar a dtógáil mar gheall ar shrianta maoinithe nó srianta eile. Seoladh an chéad chéim den tionscnamh ag deireadh 2021, agus é ar intinn dul i mbun comhpháirtíochtaí straitéiseacha le tógáil tithe chun soláthar tithe inacmhainne a chur ar fáil agus a luathú. Faoin scéim seo, meastar go mbeidh na chéad tithe inacmhainne réidh faoi dheireadh 2022. Seolfar scéimeanna eile den tionscnamh ag eatrainm chuí.

COMHRÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH (ar lean)

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Pobail

Leanann rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara de bheith ar thús cadhnaíochta i gcur chuige forbartha foriomlán an LDA, é seo léirithe ag ár dtiomantas a chinntiú go mbíonn deis ag gach páirtí leasmhar bheith páirteach ag gach céim den phróiseas pleanála. Cuimsíonn seo na suíomhanna straitéiseacha LDA móra, ina léiríonn an LDA a thiomantas éisteacht le tuairimí agus tuairimí lena chinntiú go mbaintear na torthaí is fearr amach.

Cathaoirleach agus Bord Nua

I mí na Nollag 2021, cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht Cathaoirleach Ainmnithe an LDA tar éis próiseas ceapacháin poiblí.


Cuireadh tús leis an bpróiseas chun na comhaltaí Boird eile a cheapadh tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i R1 2022 agus is é an tAire a dhéanfaidh na ceapacháin in am trátha.

Ag Breathnú Romhainn

Agus muid ag druidim le 2022 agus ina dhiaidh sin, tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag tógáil ár bpiblíne forbartha agus ag tacú le spriocanna agus cuspóirí tithíochta an Rialtais i gcoitinne baint amach. Tá dúshlán shuntasacha ann maidir leis an tionscal ina iomláine agus caithfidh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha comhoibriú chun iad a shárú. I measc cuid de na príomhrioscaí tá:

- Riosca agóid dhlíthiúil maidir le cinntí pleanála, a ndéanann an LDA iarracht iad a mhaolú trí rannpháirtíocht chuimsitheach leis na pobail a bhfuil tionchar díreach ag a thionscadail tithíochta orthu;
- Timpeallacht athraitheach an ráta úis, rud a chuireann costas breise le seachadadh tithe agus a thugann dúshlán do shamhail airgeadais ar fud an tionscail, go háirithe an tsamhail cíos de réir costas;
- Brú boilscithe ar chostais tógála, rud a fhágann, le blianta beaga anuas, go bhfuil tionscadail i bhfad níos costasaí le cur i gcrích.

Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh mar thionscal, agus mar chóras seachadta poiblí-príobháideach, chun bealaí a aimsiú, chun na rioscaí seo agus rioscaí eile a bhainistiú ar mhaithe le tithe inacmhainne breise a sholáthar.



Sa ghearrthearma agus sa mheántearma, táimid ag súil leis na nithe seo a leanas a bhaint amach :

- Ár gcéad tráinse de thithe inacmhainne a sheachadadh faoi Thionscadal Tosaigh, faoi dheireadh 2022 agus go luath in 2023;
- Na mílte teach inacmhainne breise a chinntiú trí Thionscadal Tosaigh a chinntiú in 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin;
- Tús a chur le tógáil ar dhá mhórscéim tithíochta in 2022 (Caisleán Sheangánaí, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Naomh Caoimhín, Corcaigh);
- Dul ar aghaidh chuig scéimeanna tógála do 2,300 teach ina bhfuil pleananna curtha isteach leis an mBord Pleanála, agus tuilleadh scéimeanna a chur leis an bpíblíne seo;
- An Bunachar Sonraí Tailte Stáit a thabhairt chun críche, agus ár gcéad tuarascáil don Rialtas ar Thailte Poiblí a thabhairt chun críche faoi dheireadh Ráithe 1 2023, ina leagfaimid amach don Rialtas na háiteanna is fearr is féidir tailte a shuí chun tithíocht a chur ar fáil;
- Ár bpunann talún a mhéadú chun suíomhanna bhreise atá aitheanta i *dTithíocht do Chách* a chur san áireamh;
- Máistirphlean a fhoilsiú don Mhol Digiteach, Baile Átha Cliath agus Creatphlean do Bhóthar an Ghainimh, Gaillimh; agus
- Athbhreithniú dearaidh a thabhairt chun críche do thráinse mór tailte in Inse Chór, Baile Átha Cliath atá aitheanta i *dTithíocht do Chách* agus atá faoi úinéireacht comhlachtaí Stáit eile faoi láthair.

Ár mbuíochas ó chroí freisin d'fhoireann an LDA as a dtiomantas agus a ndíograis chun ár riachtanais reachtúla a chomhlíonadh agus chun na spriocanna atá leagtha síos in *Tithíocht do Chách* a bhaint amach.

Thar ceann Bhord agus bhainistíocht LDA, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Darragh O'Brien TD agus a Roinn as a dtacaíocht agus a dtiomantas don LDA i rith na bliana seo caite. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Stáit, Ranna Rialtais, agus Údaráis Áitiúla a thug tacaíocht dúinn i rith na bliana. Gabhaimid buíochas freisin lenár gCathaoirleach bunaithe, John Moran, agus leis na stiúrthóirí atá ag imeacht as a gcuid ama a thabhairt go fial i rith na bliana.

COMHALTAÍ BHOIRD



John Coleman Príomhfheidhmeannach

Tá John Coleman ina Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún ó bunaíodh í i Meán Fómhair 2018. Roimhe sin bhí ról shinsearacha ag John sa Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), d'oibrigh sé go mór ar bhunú a Rannáin Seachadta Cónaithe agus ba é an Príomhoifigeach Airgeadais é. Is céimí de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BComm) é John agus is cuntasóir cairte (FCA) é. Sular thosaigh sé ag obair le NAMA in 2011 d'oibrigh sé i dtionscal na baincéireachta agus na cuntasáíochta.



Cormac O'Rourke Cathaoirleach Ainmnithe

Is speisialtóir in airgeadas corparáideach é Cormac O'Rourke ag plé le fuinneamh, le bonnagar agus leis an earnáil Leathstáit. Tá beagnach 35 bliain de thaithí aige i mbaincéireacht infheistíochta, agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Goodbody Corporate Finance, ina Cheannaire Airgeadais Tionscadail EMEA de chuid KBC Bank NV agus Stiúrthóir Infheistíochta ESBI le linn na tréimhse sin. Chuir sé tús lena ghairm bheatha san ESB mar speisialtóir Gaile agus Tuirbín Gáis. Tá céimeanna aige san Innealtóireacht Mheicniúil agus san Innealtóireacht Thionsclaíoch. Ceapadh é ina Chathaoirleach ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid i mí Eanáir 2013 agus ceapadh é mar chéad Chathaoirleach ar Bhonneagar Iompair Éireann (TII) tar éis a gcumasc i mí Lúnasa 2015. D'éirigh sé as mar Chathaoirleach TII i mí na Samhna 2021. Ceapadh ina Chathaoirleach Ainmnithe LDA é i mí na Nollag 2021.



John Moran Cathaoirleach

John A Moran, Cathaoirleach Bhord na Gníomhaireachta Forbartha Talún suas go dtí an 30 Aibreán 2021. Roimhe sin bhí John ina Ard-Rúnaí sa Roinn Airgeadais ach mar dhlíodóir oilte agus mar bhaincér bhí ról aige mar Stiúrthóir ar an mBanc Eorpach Infheistíochta freisin, i Maoirseacht Baincéireachta ag Banc Ceannais na hÉireann agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Zurich Bank and Capital Markets. Is céimí de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é John, áit a ndearna sé staidéar ar an dlí sibhialta (BCL) agus tá máistreacht aige sa dlí agus i gcánachas (LLM) ó Ollscoil Pennsylvania, Scoileanna Dlí/Wharton.



Caroline Timmons Comhalta Boid

Tá Caroline Timmons ina Rúnaí Cúnta Gníomhach ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá sí freagrach as an Rannán um Inacmhainneacht Tithíochta, Ionchuimsithe agus Easpa Dídine. Tá an Rannán seo freagrach as seachadadh na ngealltanais atá sa Chlár don Rialtas a threorú agus a mhaoirsiú, maidir le bearta úinéireachta tí agus inacmhainneacht, dul i ngleic le heaspa dídine, scéimeanna maoinithe tithíochta neamhsheachadta, cóiríocht don lucht siúil agus bearta eile um ionchuimsiú sóisialta agus cuspóirí gaolmhara a chur chun cinn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) agus Tionscadal Éireann 2040. Is abhcóide í agus chleachtaigh sí ar feadh roinnt blianta sula ndeachaigh sí isteach in Oifig an Ard-Aighne mar Abhcóide Comhairleach agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sí mar chomhairleoir dlí don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

BOARD MEMBERS (continued)



Timothy Bouchier-Hayes Comhalta Boird

Is iarpháirtí é Timothy Bouchier-Hayes le Dlíodóirí McCann FitzGerald, áit a raibh sé i gceannas ar Ghrúpa Dlí Foirgníochta an ghnólachta ar feadh 15 bliana. Ó 2012 go dtí 2018 bhí sé ina bhall den Chúirt Eadrána Idirnáisiúnta. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar Chuideachta Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh.



Clare Costello Comhalta Boird

Is Príomhoifigeach í Clare Costello sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, áit a bhfuil freagracht uirthi ag leibhéal an Phríomhoifigigh as cúrsaí lena n-áirítear bainistiú caiteachais phoiblí maidir le tithíocht, le pleanáil agus le rialtas áitiúil agus as comhairle a thabhairt ar réimsí beartais earnála gaolmhara. Is Cuntasóir Cairte (FCA) agus ball d'Institiúid Cánach na hÉireann (CTA) í Clare. Is céimí cuntasáíochta í de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá MSc sa Chuntasáíocht agus MSc i mBeartas Poiblí aici.



Conn Murray Comhalta Boird

Bhí Conn Murray ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dtí Lúnasa 2019, ó rinneadh na comhairlí a chónascadh in 2014. Roimhe sin, bhí sé ina Dhébhainisteoir ar an dá chomhairle ó 2012 go 2014. Roimhe sin bhí sé ina chomhalta de bhord an BTCP, An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe. D'fhóin sé mar bhall agus mar iar-chathaoirleach ar an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) thar thréimhse fiche bliain, agus bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Tithíochta CCMA ar dhá ócáid ar feadh 8 mbliana san iomlán.



Michelle Norris Comhalta Boird

Is Ollamh le Beartas Sóisialta í Michelle Norris agus Stiúrthóir ar Institiúid Geary um Beartas Poiblí i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit a ndíríonn sí a spéiseanna múinteoireachta agus taighde ar bheartas tithíochta sóisialta agus ar athnuachan uirbeach. Tá naisc an-láidir aici le lucht déanta beartas in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. In 2011 agus arís in 2016 cheap an Taoiseach í mar bhall neamhspleách den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta a thugann comhairle don rialtas ar bheartas sóisialta agus eacnamaíoch. Idir 2012 agus 2021 bhí sí ina cathaoirleach ar bhord na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, gníomhaireacht rialtais a mhaoiníonn tithíocht shóisialta agus inacmhainne in Éirinn. Mar aitheantas ar an sárthionchar beartais a bhí ag a cuid taighde, bronnadh gradam tionchair taighde na Comhairle um Thaighde in Éirinn uirthi in 2021.

COMHALTAÍ BHOIRD (ar lean)



John O'Connor Comhalta Boird

Tá John ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Thithíocht faoi láthair. Is iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta é. Áirítear ar a ról roimhe seo freisin Príomhfheidhmeannach na Comhpháirtíochta um Thithe Inacmhainne, agus Bainisteoir Feidhmiúcháin ar an Roinn Tithíochta agus Pobail i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sé freisin sa tionscal tógála sular bhog sé go rialtas áitiúil. Is innealtóir struchtúr é John a bhfuil raon leathan taithí aige san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá taithí fhairsing aige ar fhorbairt, ar sholáthar, agus ar sholáthar díreach tithíochta, go háirithe i réimsí na tithíochta sóisialta, tithíocht inacmhainne agus tithíocht chíosa de réir costais, agus i dtionscadail athnuachana.



Michael Stone Comhalta Boird

Tá Michael Stone ina Phríomhfheidhmeannach ar an Designer Group, gnólacht conraitheoireachta innealtóireachta a bhunaigh sé i 1992 agus a bhfuil oibríochtaí aige in Éirinn, sa RA, san Eoraip, san Afraic agus i Meicsiceo. Is iar-Uachtarán é ar Chónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF). Níos luaithe ina ghairm bheatha d'oibrigh sé don BSLB. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an mBord Forfheidhmithe do Chlár Athnuachana Lár na Cathrach Thoir Thuaidh.




Frank Curran Comhalta Boird

Tá Frank Curran ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus ar Chomhairle Contae Liatroma. Is céimí san Innealtóireacht Shibhialta de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é agus tá MSc i gCosaint an Chomhshaoil, MA i mBainistíocht Rialtais Áitiúil, agus Diplóma i dTreoir Cuideachta aige.

BORD LDA

Tá an LDA rialaithe ag a Bhord a bhfuil ceannaireacht chomhchoiteann aige chomh maith le freagracht fhoriomlán rialachais as oibríochtaí na Gníomhaireachta. Tá Bord an LDA freagrach sa deireadh as straitéis na Gníomhaireachta, fóntacht airgeadais, cinní príomhphearsanra, eagrúchán inmheánach, struchtúr agus cleachtas rialaithe inmheánach, bainistíocht riosca agus oibleagáidí comhlíonta.

Struchtúr Rialachais LDA



Tá ceithre fhochoiste bunaithe ag an mBord ar a bhfuil comhaltaí a bhfuil saineolas ábhartha acu chun aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí tarmligthe gach ceann díobh: An Coiste Infheistíochta, an Coiste Iniúchta & Riosca, an Coiste Luacha Saothair & Ainmniúcháin, agus an Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht.

Ceapadh Cormac O'Rourke ina Chathaoirleach Ainmnithe ar an LDA i mí na Nollag 2021.

Tarmligeann an Bord freagracht feidhmiúcháin chuig an **bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF)** as oibríochtaí, as comhlíonadh agus as feidhmíocht na Gníomhaireachta. Is é an POF an príomhfheidhmeannach atá cuntasach don Bhord as bainistíocht laethúil na Gníomhaireachta agus tá sé freagrach as Fís agus as spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta a bhaint amach agus a hoibríochtaí agus a feidhmíocht a threorú.

Bhunaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an **An Coiste um Pleanáil Straitéiseach** agus Inbhuanaitheacht a tharmlig dá réir sin, freagracht as comhspricanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta a bhaint amach, mar aon leo siúd a bhaineann go sonrach lena réimse feidhme agus lena sainchúram.

Is í an EMT foireann bhainistíochta shinsearach na Gníomhaireachta atá freagrach as feidhmíocht oibríocháin agus airgeadais an LDA a fhorbairt, a stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, as acmhainní a chur in ord tosaíochta agus a leithdháileadh, agus as riosca a mheas agus a rialú.

AN tACHT UM AN NGNÍOMHAIREACHT FORBARTHA TALÚN 2021

► 21 Iúil 2021

Acht LDA & a Fheidhmeanna

Síníodh an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún, 2021 (Uimh. 26 de 2021) (“an tAcht LDA”) ina dhlí an 21 Iúil 2021. Tugadh forálacha an Achta um LDA i bhfeidhm ina dhiaidh sin trí roinnt orduithe um thosach feidhme.

Bhunaigh an tAcht LDA an Ghníomhaireacht Forbartha Talún mar chomhlacht poiblí tráchtála a bhfuil an chumhacht aici dul i mbun raon leathan gníomhaíochtaí chun a sainordú de réir an Achta LDA 2021 agus bheartas an Rialtais a bhaint amach.

Tá sainchúram tráchtála ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún, a bhaineann go príomha le gníomhaíochtaí forbartha réadmhaoine agus le soláthar tithíochta inacmhainne. Mar sin féin, tá feidhmeanna tábhachtacha neamheacnamaíocha agus comhairleacha aige freisin maidir le pleanáil straitéiseach agus le bainistiú thailte an Stáit. Tá feidhmeanna na Gníomhaireachta Forbartha Talún forordaithe in alt 14 den Acht LDA.

► 15 Nollaig 2021

Ordú um Thosach Feidhme Uimh. 1

D’fhoráil an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (Tosach Feidhme) Ordú 2021 (S.I. Uimh. 712 de 2021) d’oibriú láithreach ailt iomchuí áirithe den Acht LDA d’fhonn ionchorprú na cuideachta gníomhaíochta ainmnithe ar a dtabharfar “An Fhorbairt Talún Ghníomhaireacht” a éascú.

► 20 Nollaig 2021

Ionchorprú sa CRO

Ionchorpraíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún san Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) an 20 Nollaig 2021, mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe faoi theorainn scaireanna agus cláruimhir cuideachta 710453 aici. De réir alt 12 den Acht LDA, cláraíodh ainm na cuideachta mar “An Ghníomhaireacht Forbartha Talún”.

Shainordaigh Alt 25(2) den Acht LDA gurb iad seo a leanas na scaireanna tosaigh sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún:

- 1,000,000 gnáthscair de €1.00 an ceann ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht; agus
- 99,000,000 gnáthscair de €1.00 an ceann ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Foráilann an tAcht LDA, tar éis an suibscríobh scaireanna tosaigh, nach féidir scaireanna sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún a leithroinnt ach ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

► 31 Márta 2022

Gníomhaireacht an Rialtais a dhíscaoileadh

Tháinig an tOrdú fán Acht um an nGníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (Lá Díscaoilte), 2022 i bhfeidhm an 31 Márta 2022.

Ag baint úsáide as na cumhachtaí atá in alt 35 den Acht LDA, d’ordaigh an tAire go ndéanfaí an Ghníomhaireacht Rialtais a bhunaigh in 2018 mar an Ghníomhaireacht Forbartha Talún a dhíscaoileadh láithreach.

Ag an am céanna leis an ordú díscaoilte, rinneadh na hionstraimí reachtúla seo a leanas a bhaineann leis an nGníomhaireacht Rialtais a chúlghairm le hOrdú ón Aire:

- An tOrdú fán nGníomhaireacht Forbartha Talún (Bunú) 2018 (S.I. Uimh. 352 de 2018);
- An tOrdú fán nGníomhaireacht Forbartha Talún (Leasú) 2018 (S.I. Uimh. 603 de 2018);
- An tOrdú fán Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe) 1971 (Comhlachtaí a Ainmniú) 2018 (S.I. Uimh. 604 de 2018).

► 31 Márta 2022

An Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) tagtha i bhfeidhm

An 31 Márta 2022, rinne an tOrdú fán Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (Tosach Feidhme) 2022 (S.I. Uimh. 143 de 2022) foráil do thosach feidhme láithreach na bhforálacha go léir a bhí fágtha den Acht LDA, seachas Cuid 9 agus Alt 55(7), atá faoi réir ordú um thosach feidhme níos déanaí.

Tháinig an Ghníomhaireacht Forbartha Talún a bunaíodh faoin Acht LDA 2021 chun bheith freagrach láithreach as gach oibleagáid reachtúil faoin Acht LDA 2021, agus bhí sí i dteideal a cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú chun tabhairt faoi raon leathan gníomhaíochtaí chun a sainordú faoin Acht LDA 2021 a chomhlíonadh.

D’éascaigh roinnt forálacha reachtúla a tháinig i bhfeidhm ag an am seo aistriú ordúil agus éifeachtach ó oibriú mar Ghníomhaireacht Rialtais (atá díscaoilte anois) go dtí feidhmiú mar chomhlacht poiblí neamhspleách atá ioncorpraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe.

AN tACHT UM AN NGNÍOMHAIREACHT FORBARTHA TALÚN 2021 (ar lean)

Go háirithe, forálann an tAcht LDA d'aistriú reachtúil uathoibríoch gach ball foirne, cearta réadmhaoine, cearta conarthacha, dliteanais, éilimh a sheasann in aon imeachtaí dlí, taifid agus aon chearta sainráite nó intuigthe eile a bhí i seilbh an Chomhairle Gníomhaireacht Rialtais (anois díscaoilte) chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

- Caomhnaíonn an tAcht LDA go sainráite gach Conradh, comhaontú nó socrú a rinne an Gníomhaireacht Rialtais (atá díscaoilte anois) agus aon phróiseas nó comórtas soláthair a thosaigh roimh an díscaoileadh: leanfaidh siad go léir i bhfeidhm in ainm na Gníomhaireachta Forbartha Talún.

AN tACHT UM FHORBAIRT TALÚN, 2021

Príomhfheidhmeanna: Talamh poiblí ábhartha a fhorbairt agus a bhainistiú agus, nuair is cuí, tailte eile, chun tithíocht a sholáthar ar mhaithe le leas an phobail.



TITHÍOCHT DO CHÁCH

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Rialtas a phlean tithíochta suas go dtí 2030. Is plean ilbhliantúil é atá ceaptha chun seachadadh tithíochta a fheabhsú thar gach sórt tionacht agus é mar chuspóir aige a chinntiú “Go mba chóir go mbeadh rochtain ag gach uile duine sa Stát ar theach baile le ceannach nó le fáil ar cíos ag praghas inacmhainne, é tógtha chuig caighdeán ard agus san áit cheart, agus go mbeadh caighdeán maireachtála maith ar fáil.” (*Tithíocht do Chách*, Meán Fómhair 2021).

Aithnítear an LDA mar phríomh-gheallsealbhóir i bPlean an Rialtais, agus tá dhá phríomhfhéidhm leagtha amach:

- Tailte Stáit cuí a chomhordú le haghaidh athnuachana agus forbartha, príomhshuíomhanna nach bhfuil á n-úsáid go héifeachtach a oscailte haghaidh seachadadh tithíochta; agus

- Tiomsú straitéiseach talún a stiúradh, ag obair le húnéirí talún san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon chun buaiceanna agus loig an tsoláthair talún a chothromú, luachanna talún a chobhsú agus inacmhainneacht mhéadaithe a sheachadadh.

Tá rochtain ag an LDA cheana féin ar thráinse de thalamh an Stáit agus tá na suíomhanna sin á gcur chun cinn aige, faoi *Tithíocht do Chách* áfach, tá tailte breise Stáit a mheastar a bheith oiriúnach d'fhorbairt tithíochta curtha in áirithe lena n-aistriú chuig an LDA amach anseo. I dteannta a chéile, tá an cumas acu seo suas le 15,000 teach a sholáthar amach anseo.

Tithíocht do Chách - Cuspóir Beartais Tithíochta 14.1 – Tráinse nua de thailte Stáit le bheith curtha ar fáil don LDA agus an cumas acu suas le 15,000 teach a chruthú

	Gníomhaireacht Stáit	Suíomhanna Aitheanta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn
An Roinn Iompair	CIÉ	Inchicore Works, Baile Átha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé ar siúl.
		Garáiste na Cloiche Leithne, Baile Átha Cliath	Plé tosaigh ar siúl.
		Garáiste Bhóthar Conyngham, Baile Átha Cliath	Plé tosaigh ar siúl.
		Purláin Stáisiún Colbert, Luimneach	Dréacht-Chreat Spáis do Cheathrú Stáisiún Colbert lena n-áirítear tailte CIÉ á ullmhú. Comhairliúchán poiblí dúnta anois agus tuarascáil ar rannpháirtíocht á dréachtú. Creat Deiridh foilsithe i R1 2022.
	Calafort Bhaile Átha Cliath	Tailte i gCalafort Bhaile Átha Cliath	Ceannteidil Téarmaí aontaithe le Calafort Bhaile Átha Cliath.
	Calafort Chorcaí	Tailte i gCalafort Chorcaí	Plé tosaigh ar siúl.
	Comhlacht Phort na Sionainne, Fhainge	Tailte i nDughailte Luimnigh	Plé tosaigh ar siúl.
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht	Ervia (Líonraí Gáis Éireann)	Dugaí Luimnigh	Measúnú bonnlíne agus plé tosaigh ar siúl.
An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	OOP	Inse Chór, Baile Átha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé tosaigh ar siúl.

TITHÍOCHT DO CHÁCH (ar lean)

	Gníomhaireacht Stáit	Suíomhanna Aitheanta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	BSL	Oibreacha Inse Chór, Baile Átha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé tosaigh ar siúl.
		Dugthailte Chorcaí	Tá plé le geallsealbhóirí agus measúnú féidearthachta idir lámhe. Oifig bainistíochta cláir bunaithe.
		Wilton, Corcaigh	Tá plé le geallsealbhóirí agus measúnú féidearthachta ar siúl.
		Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuidh, Gaillimh	Athbhreithniú Dearaidh déanta ar thailte ag Bóthar an Ghainimh agus Foireann Deartha ceaptha chun máistirphlean creatlaí a chur chun cinn don cheantar. Foireann deartha ag déanamh measúnú bonnlíne faoi láthair.
	Mol Digiteach	Sócmhainní talún agus réadmhaoine uile an GFMD, Baile Átha Cliath 8	Foireann Dearaidh ceaptha agus obair ar bun chun eolas a thabhairt d'fhorbairt Dréacht-Mháistirphlean. Measúnuithe bonnlíne curtha i gcrích agus tá tús curtha le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.
Bord Na Móna	Dugthailte Chorcaí	Tá plé le geallsealbhóirí agus measúnú féidearthachta ar siúl.	
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Teagasc	Tailte i gCionn Sáile, Baile Átha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé tosaigh ar siúl.
	Rásaíocht Capall Éireann	Tailte ag Carraig Mhaighin, Baile Atha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé tosaigh ar siúl.
An Roinn Sláinte	FSS	Ceantar Stáisiún Cholbhaird, Luimneach	Creatlach Spásúil curtha i gcrích.
An Roinn Cosanta	Óglaigh na hÉireann	Ospidéal Naomh Bricín, Baile Átha Cliath	Measúnú bonnlíne agus plé ar aistriú ar siúl.
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	IDA Éireann	Cill Barra, Corcaigh	Rannpháirtíocht agus dícheall cuí ar siúl ar thailte atá aitheanta le haistriú. Aistriú aontaithe leis an IDA.

STRAITÉIS RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL & PÁIRTITHE LEASMHARA LDA

Aithníonn an LDA an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán agus le rannpháirtíocht i gcur chun cinn pleananna chun tithíocht a sholáthar agus pobail inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha a chruthú. Cruthóidh rannpháirtíocht bhríoch leis an bpobal agus le geallsealbhóirí torthaí níos fearr agus tuiscint níos fearr idir na páirtithe go léir. Chuige sin tá Straitéis Rannpháirtíochta Pobail agus Páirtithe Leasmhara (CSES) seolta againn.

Ráiteas Beartais:

Agus a pleananna agus a mholtaí á gcur chun cinn, cuireann an LDA cur chuige réamhghníomhach agus cuimsitheach chun cinn maidir le rannpháirtíocht an phobail agus páirtithe leasmhara, ag tosú ó na céimeanna is luaithe sa phróiseas pleanála agus dearaidh, go dtí tógáil agus áitiú deireadh na scéime tithíochta.

Tacaíonn an LDA le próisis chomhréireacha rannpháirtíochta, a bhfuil sé mar aidhm aige deiseanna a chruthú chun éisteacht le tuairimí pobail ag príomhchéimeanna. Creideann an LDA tríd an éiteas seo a ghlacadh go dtacóidh sé le torthaí feabhsaithe dearaidh agus pleanála, agus sa deireadh le seachadadh forbairtí inbhuanaithe, cuimsitheacha atá dea-chomhtháite leis na pobail reatha atá ann.

Tá tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúil agus éagsúil – tá an LDA tiomanta do réitigh a aimsiú a shásaíonn ábhair imní choitianta agus a léiríonn leas an phobail i gcoitinne ar bhealach atá ag teacht leis an sprioc chun forbairtí inbhuanaithe tithíochta inacmhainne a thógáil.

Glacann an Ghníomhaireacht cur chuige saincheaptha, tionscadal-shonrach do gach próiseas rannpháirtíochta pobail agus geallsealbhóirí a dhéanann sí. Bíonn an scála, an scóip agus na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun gabháil le rannpháirtíocht neamhrechtúil difriúil ag brath ar riachtanais agus ar choinníollacha sonracha.

Is doiciméad neamhspleách é Ag Obair le Pobail: *Treoir don Phobal* a léiríonn éiteas an LDA agus tiomantas d'fhorbairt pobail agus cruthú áite. Tacaíonn an Treoir leis an LDA agus í ag iarraidh eolas agus tuiscint an phobail a mhéadú, creidiúnacht a fheabhsú agus muinín an phobail a chothú. Tá se foilsithe ar shuíomh gréasáin an LDA agus scaiptear é trí bhealaí éagsúla cumarsáide chun rochtain fhorleathan phoiblí a chinntiú. Tá cuspóir, ról agus feidhm an LDA, leagtha amach ann agus é ag soláthar eolais don phobal maidir le cathain agus conas is féidir leo a bheith ag súil le bheith páirteach leis an nGníomhaireacht ar na cineálacha éagsúla tionscadal.

Cuspóirí CSES

Tríd an CSES agus ar gach tionscadal LDA, tá an Ghníomhaireacht tiomanta d'oibriú i gcomhpháirt le pobail agus le páirtithe leasmhara chun a croisprioc maidir le tithé nua a sheachadadh a bhaint amach. Chuige sin, tá trí chuspóir mar bhunchloch dár CSES:



An pobal a chur ar an eolas faoi chuspóir an LDA, faoinár bpleananna agus ár dtionscadail, agus ár dtiomantas do rannpháirtíocht bhríoch, do chruthú áite, do phobail inbhuanaithe agus do chaighdeán cháilíochta.



Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach leis an bpobal, tuiscint a chothú agus deiseanna rannpháirtíochta a chruthú le linn príomhchéimeanna. Ciallaíonn sé seo éisteacht le tuairimí agus moltaí páirtithe leasmhara pobail agus iad á mbeithníú go cúramach agus muid ag pleanáil agus a dearadh ár bhforbairtí.



Creidiúnacht, tacaíocht agus muinín a chothú i measc an phobail sna rudaí a dhéanaimid.

LDA COMMUNITY & STAKEHOLDER ENGAGEMENT STRATEGY (continued)

Prionsabail Rannpháirtíochta

Cuidíonn ár bPrionsabail Rannpháirtíochta linn chaoi a ndéanaimid ár bhforbairtí a phleanáil, a fhorbairt agus a sheachadadh a mhúnlú, agus cabhraíonn siad linn cinntí níos fearr a dhéanamh le linn an phróisis seo:



Trédhearcach

Tá próiseas trédhearcach pleanála agus dearaidh an LDA. Cuirtear nuashonruithe soiléire ar phleananna agus ar thionscadail ar fáil go poiblí ag eatraimh rialta agus ar iarratas do gach páirtí leasmhar.



Am

Tógann an LDA an t-am chun dul i dteagmháil le pobail agus páirtithe leasmhara. Tugtar am don phobal athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna ag príomhchéimeanna. Ba mhaith linn a dtuairimí a chloisteáil ag tráthanna cuí i saolré plean nó tionscadail ionas gur féidir próisis dearaidh a shaincheapadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a ardaítear agus chun moltaí a chuimsiú, nuair is cuí sin a dhéanamh. Cuirfidh sé seo le próisis pleanála agus dearaidh níos éifeachtaí agus ar deireadh thiar beidh forbairtí níos rathúla, níos comhtháite agus níos inbhuanaithe mar thoradh air.



Ionchuimsitheach

Tá sé mar aidhm ag an LDA plé le gach ball den phobal ionas go mbeidh deiseanna ag páirtithe agus grúpaí leasmhara a dtuairimí ar phleananna agus ar thionscadail a nochtadh. Is í tuairim na nGníomhaireachta go gcuireann próisis rannpháirtíochta cuimsitheacha le forbairtí níos cuimsithí, níos comhtháite.




Aiseolas

Tá sé mar aidhm ag an LDA a bheith cuntasach i dtéarmaí an aiseolais a fhaigheann sé agus an chaoi a dtugann sé bonn eolais don phróiseas forbartha. Is minic a bhíonn tuairimí leathna agus éagsúla ag an bpobail ar thionscadail. Tá freagracht ar an nGníomhaireacht saincheisteanna a ardaítear a chur san áireamh agus cinntí a mhíniú ionas go dtuigeann an pobal conas a dhéantar a ábhair imní éagsúla a mheas.

Glacann an LDA cur chuige sainceaptha, tionscadal-shonrach le gach próiseas rannpháirtíochta pobail agus geallsealbhóirí a thugann sí faoi. Tógann an straitéis ar réasúnaíocht acadúil, reachtaíocht, beartas, treoir agus taithí i raon leathan tionscadal. Cloíonn sé le Cód Iompair Gnó an LDA agus lena Beartas Cosanta Sonraí agus tá sé mar aidhm aige a bheith inrochtana agus ionchuimsitheach. Bíonn an scála, an scóip agus na modhanna a chuirtear i bhfeidhm nuair a thugtar faoi rannpháirtíocht neamhrechtúil difriúil ag brath ar riachtanais agus ar choinníollacha sonracha.

PUNANN LÁITHREÁN REATHA



Seachadadh gearrthéarma



Tionscadail chathracha bhunathraithe atá níos fadtéarmaí

Tionscadail

- A** Dún Mhic Colúim, An Muileann gCearr, An Iarmhí
- B** Bóthar na Díge, Cathair na Gaillimhe
- C** Bóthar an Ghainimh, Gaillimh
- D** Dún Uí Dhubhuí, An Nás, Cill Dara
- E** Ceathrú Cholbaird, Luimneach
- F** Dughailte Chorcaí, Corcaigh
- G** Ospidéal Naomh Caoimhín, Corcaigh

- H** Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Baile Átha Cliath
- I** Bóthar Chaisleán na Croma, Baile Átha Cliath
- J** Baile Haicéid, Na Sceirí, Baile Átha Cliath
- K** Gort na Silíní, Baile Átha Cliath
- L** An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma, Baile Átha Cliath
- M** Sangánagh, Baile Átha Cliath
- N** Mol Digiteach, Baile Átha Cliath
- O** Tionscadal Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath

PUNANN LÁITHREÁN REATHA (ar lean)

An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma, BÁC

MÉAD

28 acra

LÍON TUARtha NA nAONAD

977 teach (SHD Iarratas)

71 teach + athúsáid oiriúnaitheach an príomhospidéil agus na bhfoirgneamh gaolmhar (Iarratas S34)

CÉIM AN PHRÓISIS

Iarratas SHD curtha faoi bhráid ABP ar 31.03.22. Cinneadh le bheith faighte ó ABP an 20.07.22. Iarratas S34 don chuid eile den suíomh le leanúint i ndiaidh chinneadh SHD.



Dún Uí Dhubhuí, An Nás, Cill Dara

MÉAD

10.08 acra

LÍON TUARtha NA nAONAD

219 Teach

CÉIM AN PHRÓISIS

Iarratas SHD curtha faoi bhráid ABP ar 11.04.22. Cinneadh le bheith faighte ó ABP go luath i mí Lúnasa.

(i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta)



Ospidéal Naomh Caoimhín, Corcaigh

MÉAD

14.5 acra

LÍON TUARtha NA nAONAD

265 Teach

CÉIM AN PHRÓISIS

Cead pleanála tugtha Aibreán 2021. Conraitheoir oibreacha cumasaithe le bheith ceaptha agus oibreacha le tosú i mBealtaine 2022. Tairiscint do Chéim 1 le bheith eisithe i R2 2022.



Baile Haicéid, Na Sceirí, Baile Átha Cliath

MÉAD

16.8 acra

LÍON TUARtha NA nAONAD

345 Teach

CÉIM AN PHRÓISIS

Tá fógra ceadaithe ar Iarratas bóithre faoi A34 faoi réir achomhairc. Iarratas pleanála SHD curtha isteach le ABP 08.04.2022. Cinneadh le bheith faighte ABP go luath i mí Lúnasa.

(i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta)



PUNANN LÁITHREÁN REATHA (ar lean)

Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Baile Átha Cliath

MÉAD

55 acra

LÍON TUARATHA NA nAONAD

817 teach

CÉIM AN PHRÓISIS

Tá fógra ceadaithe ar iarratas bóithre faoi A34 faoi réir achomhairc. Iarratas pleanála curtha isteach le ABP i mí Aibreáin 2022. Cinneadh le bheith faighte ó ABP go luath i Lúnasa 2022.

(i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta)



Dún Mhic Coluim, An Muileann gCearr, An Iarmhí

MÉAD

24.7 acra

LÍON TUARATHA NA nAONAD

200 teach (measta)

CÉIM AN PHRÓISIS

Comhairliúchán poiblí críochnaithe. Tuarascáil ar an gcomhairliúchán foilsithe www.columbbarracksproject.ie/. Céim féidearthachta, treochlár athnuachana á chur chun cinn.



Bóthar na Díge, Cathair na Gaillimhe

MÉAD

4.3 acra

LÍON TUARATHA NA nAONAD

200 teach (measta)

CÉIM AN PHRÓISIS

Réamhdhearadh críochnaithe. Plé leanúnach le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá tús curtha le Foireann Dearaidh a sholáthar.

(i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae na Gaillimhe)



Tionscadal Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath

SIZE

5.87 ha

LÍON TUARATHA NA nAONAD

c.540 (Beidh thart ar 28% de na haonaid ar fáil do thithíocht shóisialta agus 72% ar cíós de réir costas)

CÉIM AN PHRÓISIS

Tá an LDA ag súil le hiarratas faoi Chuid 10 a chur isteach chuig an mBord Pleanála i R4 2022.

(i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)



PUNANN LÁITHREÁN REATHA (ar lean)

Gort na Silíní, Baile Átha Cliath

MÉAD

12.7 ha

LÍON TUARtha NA nAONAD

c.800-1000

71 teach + athúsáid oiriúnaitheach an phríomhospidéil agus na bhfoirgneamh gaolmhar (Iarratas S34)

(i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

CÉIM AN PHRÓISIS

Tá an fhoireann tionscadail agus dearaidh ceaptha ag an LDA, tá tús curtha le measúnú féidearthachta tionscadail.



Caisleán na Croma, Baile Átha Cliath

MÉAD

0.7 ha

LÍON TUARtha NA nAONAD

c.140

(i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

CÉIM AN PHRÓISIS

Tá an fhoireann tionscadail agus dearaidh ceaptha ag an LDA, tá tús curtha le measúnú féidearthachta tionscadail.



Seangánach, An tSeanchill, Baile Átha Cliath

MÉAD

9.69 ha

LÍON TUARtha NA nAONAD

597 (200 teach sóisialta, 306 teach cíos de réir costas, 91 teach céannachta inacmhainne)

(i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin)

CÉIM AN PHRÓISIS

Conraitheoir tógála ceaptha agus cuirfear tús leis an tógáil i mí Mheán Fómhair 2022.



TIONSCNAIMH LIMISTÉIR STRAITÉISIGH

Ceathrú Cholbaird, Luimneach

Tá pleananna á gcur chun cinn ag an LDA chun poitéinseal c.69 heicteár de thalamh faoi úinéireacht an stáit den chuid is mó timpeall stáisiún Colbert a scaoileadh. Tá an LDA ag obair le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun Creat Spáisiúil a ullmhú chun forbairt an cheantair amach anseo a threorú. Reáchtáladh comhairliúchán ó 16 Meán Fómhair go deireadh Samhain 2021 maidir leis an Dréacht-Chreat Spásúil (www.colbertquarter.ie) don limistéar straitéiseach seo arb é atá ann tailte atá faoi úinéireacht na Comhairle, CIÉ, na Roinne Oideachais agus FSS. Leagann an Dréacht-Chreat Spásúil fíis agus plean soiléir amach d'fhorbairt an tsuimh straitéisigh seo amach anseo a bhfuil an cumas ann ceantar uirbeach nua ardchaighdeáin, inmharthana agus inbhuanaithe a chruthú i gcoilár chathair Luimnigh le féidearthacht do suas le 2,800 teach. Tá an Dréacht-Chreat, mar aon le measúnithe comhshaoil tacaíochta, ar taispeáint go poiblí. Tar éis breithniú a dhéanamh ar fhreagraí comhairliúcháin, beidh an LDA ag tabhairt an Chreata chun críche lena fhoilsiú agus lena chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe sna míonna amach romhainn.



Seoladh Cholbaird 1 C go D John Coleman POF LDA, Jim Meade POF Iarnród Éireann, Lorcan O'Connor POF CIÉ agus Darragh O'Brien TD Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



Bóthar an Ghainimh, Gaillimh

Tar éis Athbhreithniú Dearaidh d'Athnuachan Bhóthar an Ghainimh i nGaillimh a d'fhéadfaí é a athfhorbairt mar fhorbairt nua tithíochta agus úsáide measctha, tá foireann deartha coimisiúnaithe chun Creatphlean a ullmhú don limistéar iomlán. Tá rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara ar siúl. Táthar le dul i mbun comhairliúcháin ar dhreachtchreat sna míonna amach romhainn.

TIONSCNAIMH LIMISTÉIR STRAITÉISIGH (ar lean)

Mol Digiteach, Baile Átha Cliath

Tá an LDA ag obair chun creatphlean comhleanúnach a chruthú chun príomhthailte at faoi úinéireacht an Stáit a athfhorbairt lena n-áirítear an Mol Digiteach, limistéar de thart ar 3.72 heicteár a d'fhéadfaí a fhorbairt le haghaidh tithe inacmhainne tionachta measctha, lena n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach ar phríomhfhoirgnimh oidhreachta agus deiseanna le haghaidh tráchtála, cultúir agus áiseanna pobail.

Is é Pear Tree Crossing an teideal oibre atá tugtha ag an LDA ar an tionscadal seo, ag tagairt don chrann piorra – a deirtear gurb é an crann torthaí is sine in Éirinn – é suite ar an suíomh láithreach in aice le Túr cáiliúil Phádraig, a bhí ar an muileann gaoithe ba mhó mó san Eoraip tráth dá raibh.

Tá an LDA ag plé le príomhpháirtithe leasmhara chun bonn eolas a thabhairt don chéad chéim seo maidir leis an bhfís agus na prionsabail atá molta a leagan amach chun bonn eolas a thabhairt do na pleananna d'athfhorbairt chéimnithe an limistéir athnuachana straitéisigh seo as seo amach. Tá sé seo mar thoradh ar fhógra an Rialtais i mí Aibreáin 2021 maidir le pleananna chun Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (GFMD) a dhíscaoileadh agus a sócmhainní a aistriú chuig an LDA. Cruthaíonn na tailte seo deis eisceachtúil don LDA cur le forbairt na Saoirsí agus an limistéar tearcúsáidte seo a athrú ina phobal uirbeach nua inbhuanaithe a bhfuil a fhéiniúlacht shainiúil aige.

Leanann an LDA ag obair i gcomhpháirtíocht leis an GFMD ar an aistriú, agus tá an Mol Digiteach ag leanúint ar aghaidh ag freastal ar a chnuasach fiontir agus ag soláthar tionscnaimh straitéiseacha agus cláir phobail

le linn an phróisis phleanála chéimnithe seo. Tá an Máistirphlean á fhorbairt chun cur chuige comhtháite a chinntiú a léireoidh meas ar oidhreacht an tsuímh, agus ar a nasc uathúil leis an bpobal áitiúil. Cruthóidh an tionscadal tithe inacmhainne a thabharfaidh ardcháilíocht beatha, agus a thacóidh le fiontraíocht ag an am céanna. Déanfar é seo ar bhealach a chruthóidh deiseanna glasaithe feabhsaithe chomh maith le bithéagsúlacht agus comharsanacht insiúlta, agus osclóidh nascphointí nua le Baile Átha Cliath 8.

Tá fíis an LDA don suíomh bunaithe ar thrí príomhthéama:

- **Féiniúlacht:** forbairt a léiríonn meas ar oidhreacht an tsuímh, a fhreastalaíonn ar na daoine atá ina gcónaí agus a oibríonn ann, agus a chruthaíonn úsáidí nua bunaithe ar riachtanais an cheantair áitiúil.
- **Maireachtáil:** forbairt a sholáthróidh tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe atá duinedhíithe maidir lena dearadh, le spásanna poiblí cuimsitheacha do sheandaoine agus do dhaoine óga.
- **Díghlasáil:** cur chuige a sholáthróidh spásanna glasa feabhsaithe agus bithéagsúlacht, atá dírithe ar naisc iompair poiblí agus a chruthóidh comharsanacht insiúlta.

Cinnfear candam na tithíochta agus deighilt na húsáide talún mar chuid den chleachtadh Máistirphleanála. Is é rún an LDA ná 'iarratas pleanála céadchéime' a chur isteach le linn 2023, tar éis próiseas foirmiúil comhairliúcháin poiblí ar an Máistirphlean níos déanaí in 2022.



TIONSCNAIMH LIMISTÉIR STRAITÉISIGH (ar lean)

Inse Chór, Baile Átha Cliath

Cuimsíonn na tailte ag Inse Chór atá aitheanta le bheith aistrithe chuig an LDA i bPlean an Rialtais 'Tithíocht do Chách' (Meán Fómhair 2021) Oibreacha CIÉ, tailte arna rialú ag BSL amach ó Bhealach na Coille Móire agus tailte arna rialú ag Oifig na nOibreacha Poiblí ó Bhóthar Bhaile Shéamais thart 49ha. san iomlán.

Tá an LDA ag tabhairt faoi fhéidearthacht agus rannpháirtíocht luath leis na príomhúinéirí talún. Is iad na chéad chéimeanna eile ná Athbhreithniú Dearaidh chun scóipeáil a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí an ceantar a athnuachan agus a athrú ó bhun le himeacht ama chun tacú le ceathrú uirbeach nua ina mbeadh athnuachan inamhainne, stiúrtha ag tithíocht úsáide measctha, agus comhtháite le húsáidí oibriúcháin a d'fhéadfadh é a bheith riachtanach iad a choinneáil sa cheantar. Is ionann an tAthbhreithniú Dearaidh agus céim tosaigh agus tábhachtach in éabhlóid atriallach smaointe agus mianta d'acmhainneacht bunathraitheach na dtailte seo.

Tá an poitínseal ag an tionscadal athbheochan a spreagadh sa cheantar i gcoitinne mar chuid de Thionscadal Imeall na Cathrach. Díreoidh an tAthbhreithniú Dearaidh ar CIÉ, Oifig na nOibreacha Poiblí, BSL agus tailte ábhartha teorantacha ar nós tailte DCC nuair a chomhaontaítear é seo; tá fáilte roimh rannpháirtithe áfach, an bloc i gcoitinne a mheas mar limistéar tionchair.

Dughailte Chathair Chorcaí, Corcaigh

Is iad **Dughailte Chathair Chorcaí** an tionscadal athnuachana is mó in Éirinn le hachar iomlán de 146 heicteár talún iontu. Bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí Oifig Seachadta **Dhughailte Chorcaí** i gcomhpháirtíocht leis an LDA. Féachfaidh an chomhpháirtíocht le tionscadal athnuachana ar scála agus tábhacht idirnáisiúnta a chur chun cinn i gCathair Chorcaí.

Beidh an oifig nua i gceannas ar fhorbairt na mílte teach agus ar ionad uirbeach nua a chruthú le haghaidh infheistíochta idirnáisiúnta i gCathair Chorcaí. Beidh sé de chúram ar an oifig seachadta comhpháirtíochtaí a chruthú agus constaicí ar fhorbairt a shárú chomh maith le rannpháirtíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara a chomhordú. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar na pleananna go léir atá ann cheana féin, go mbuailfidh sé le príomhúinéirí talún agus geallsealbhoirí agus go bhforbróidh sé straitéis cúig bliana atá uailmhianach ach inbhainte amach do na Dughailte a chuimseoidh tionscadail ar féidir iad a bhaint amach go luath d'fhonn móiminteam a chruthú.



TIONSCADAL TOSAIGH

Clár

Is tionscnamh rannpháirtíochta margaidh é Tionscadal Tosaigh ina bhfuil sé beartaithe ag an LDA dul isteach i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha le tógálaithe tí/úinéirí talún chun seachadadh tithe inacmhainne ó thailte neamh-Stáit a luathú agus a scaoileadh.

Eascaíonn sainordú an LDA maidir leis an Tionscadal Tosaigh as straitéis an Rialtais *"Tithíocht do Chách"* Meán Fómhair 2021 agus tá sprioc seachadta de 5,000 teach tugtha don LDA thar thréimhse 5 bliana go dtí 2026.

Cuirfear tithe inacmhainne a chruthófar trí Thionscadal Tosaigh ar fáil le ceannach do dhaoine incháilithe faoi scéim úinéireachta cothromais roinnte nó le ligean ar cíos do theaghlaigh (cóiríocht chíos de réir costas).

Díreoidh an clár ar dtús ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ar phríomhréigiúin, lena n-áirítear Gaillimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge.

Céim 1

Sheol an LDA Céim 1 den chlár i mí na Samhna 2021, a chuimsíonn próiseas 'léirithe spéise' (réamhcheannachán) chun soláthar tithe a úsáidfear le haghaidh ceannach inacmhainne agus tionachtaí cíos de réir costas a chinntiú ó thógálaithe tithe.

Díríodh ar dtús ar sheachadadh ar thailte ar a bhfuil cead pleanála tugtha nó ar tí a bheith tugtha.

Tá freagairt láidir ón margadh go dtí seo, agus meastar go seachadfar tithe i gCéim 1 roimh dheireadh 2022.

Céimeanna ina dhiaidh sin

Trí clár cúig bliana a ghlacadh thug sé seo an tsolúbthacht don LDA chun meicníochtaí seachadta eile a mheas, meicníochtaí a d'fhéadfadh go gcuirfidís leis an bpróiseas léirithe spéise do na céimeanna seachadta ina dhiaidh sin.

Tá roghanna seachadta a bhféadfadh creat straitéiseach comhpháirtíochtaí seachadta a sholáthar a áireamh á meas againn faoi láthair.



BUNACHAR SONRAÍ THAILTE AN STÁIT

Éilíonn an tAcht LDA ar an LDA tuairisciú don Rialtas ar na tailte ábhartha ar fad atá faoi úinéireacht phoiblí, mar aon leis an bpoitéinseal atá ann na tailte sin a fhorbairt chun tithíocht a sholáthar. Éilíonn an mórchleachtadh seo, an chéad cheann dá leithéid, tuiscint chuimsitheach ar na tailte atá faoi úinéireacht na gcomhlachtaí poiblí go léir. Sin é an fáth gur chruthaigh an LDA Bunachar Sonraí Thailte an Stáit.

Is mapa gréasáin cuimsitheach idirghníomhach é an Bunachar Sonraí a léiríonn na tailte go léir atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí agus tá sé ar fáil faoi láthair ar shuíomh gréasáin an LDA. Tugann an bunachar sonraí forbheathnú ar thailte poiblí, lena n-áirítear tailte forbartha agus neamhfhorbartha. Cabhróidh an t-eolas seo leis an LDA féidearthacht forbartha tithíochta na dtailte poiblí ábhartha áirithe as seo amach a aithint agus a thuairisciú, faoi réir measúnú níos mionsonraithe.



Tailte Poiblí Ábhartha i Luimneach



Tailte Poiblí Ábhartha agus spás oscailte gníomhach i gCathair Bhaile Átha Cliath



Tailte Poiblí Ábhartha i bPort Láirge

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar riosca a bhainistiú go cuí sa Ghníomhaireacht. Áirítear leis sin (i) a 'Fonn Riosca' a dheimhniú a chuireann in iúl an leibhéal riosca a bhfuil an Ghníomhaireacht sásta glacadh leis chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, (ii) maoirseacht a dhéanamh ar bhunús, ar phróisis agus ar nósanna imeachta chun riosca a bhainistiú, agus (iii) a chinntiú go bhfuil córas láidir Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm chun rioscaí aitheanta a mhaolú go héifeachtach.

Chun tacú leis an mBord na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, tá Creat agus Beartas Bainistíochta Riosca curtha ar bun ag an nGníomhaireacht, a bhfuil sé mar chuspóir aige a chinntiú gur féidir leis an mBord cur chuige pleanáilte, córasach agus stuama a chur i bhfeidhm maidir le rioscaí atá ann don Ghníomhaireacht a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus a thuairisciú. Tá sé ceaptha chun feidhmíocht fhoriomlán an LDA a fheabhsú trí riosca a nascadh go dlúth le straitéis agus cuspóirí na Ghníomhaireachta, trí bhealach soiléir a sholáthar chun luach a chruthú, a chaomhnú agus a bhaint amach don Ghníomhaireacht agus dá príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear muintir na hÉireann.

COMHLÍONADH

Rialachas

Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta

Tá Meabhrán Tuisceana (MOU) i bhfeidhm idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn) agus an LDA. Tá na príomhriachtanais rialachais leagtha amach sa doiciméad, lena n-áirítear na téarmaí ar a gcuirfidh an Roinn seirbhísí ar fáil don LDA.

Bíonn cruinnithe rialta idirchaidrimh ar siúl idir bainistíocht shinsearach na Roinne agus an LDA chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí rialachais chomh maith le fóram a chruthú le haghaidh plé rialta ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

Comhlíonadh

Beartais agus Nósanna Imeachta

Tá sraith beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm mar bhunús tábhachtach d'fheidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. Leanfaimid linn ag forbairt agus ag neartú seo le himeacht ama.

Cód Iompair agus Coinbhleacht Leasa

Tá nósanna imeachta an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 ar bhonn riaracháin glactha ag an LDA. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an LDA an Cód um Iompar Gnó d'Fhostaithe d'fhoireann LDA agus do chomhaltaí Boird. Faoin gCód, déanann comhaltaí Boird an LDA a leasanna a chlárú trí dhearbhu bliantúil.

Sláinte agus Sábháilteacht

In 2021 chomhlíon an LDA an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007. Chloígh an LDA le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus chuir sí oiliúint chúí ar fáil don fhoireann.

Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE)

Is comhlacht poiblí é an LDA chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Chomh maith le forálacha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, féadtar faisnéis faoin gcomhshaol a lorg ón LDA de bhun na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 2007-2018.

Tháinig an LDA faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014), an 13 Márta 2019. Tháinig Scéim Foilseacháin an LDA i bhfeidhm in 2020 agus tá sí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an LDA.


In 2021, fuair an LDA 23 iarratas Saorála Faisnéise agus as sin aistríodh ceann amháin, ceadaíodh ceann amháin, ceadaíodh cúig cinn déag i bpáirt, agus diúltaíodh do sé cinn. Fuaireamar 99 iarratas in 2021 faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE), ar ceadaíodh 3 cinn i bpáirt agus diúltaíodh do 96.

COMHLÍONADH (ar lean)

Tá oiliúint faighte ag gach ball foirne sa LDA i dtéarmaí oibleagáidí an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Fuair an fhoireann oiliúint iomlán freisin sna rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE). Tá an LDA tiomanta d'athbhreithniú agus do mheasúnú leanúnach ar riachtanais oiliúna sna réimsí seo.

Tugtar sonraí faoi ghníomhaíocht in 2021 thíos agus is féidir iad a fháil freisin ar shuíomh Gréasáin an LDA.

Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara



An Ghaeilge

Leagann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 amach na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus cearta an phobail leas a bhaint as na seirbhísí sin. Chun cloí leis na dualgais atá leagtha amach san Acht, tá aistritheoirí seachtracha ar Conradh ag an LDA lena chinntiú go n-aistrítear agus go bhfoilsítear go tráthúil aon cháipéisíocht ábhartha chomh maith leis an eolas statach ar shuíomh Gréasáin an LDA. Tá a lógó, a stáiseanóireacht agus a sínithe ríomhphoist cruthaithe ag an LDA i bhformáid dhátheangach agus cinntíonn sé go bhfoilsítear foilseacháin ábhartha amhail an Tuarascáil Bhliantúil seo go dátheangach. Chomh maith leis sin, tá bunachar sonraí curtha le chéile ag an LDA de chumas na mball foirne sa Ghaeilge chun freastal ar riachtanais chumarsáide.

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais ('an Cód') do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Cosaint Sonraí agus RGCS

Tá an LDA tiomanta do chomhlíonadh oibleagáidí an LDA faoi na Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (GDPR) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Is rialtóir sonraí cláraithe í an eagraíocht faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn sé de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil. Tar éis fhorfheidhmiú an GDPR i mBealtaine 2018, lean an LDA ag tabhairt tosaíochta do chosaint sonraí pearsanta. Tá an conair chuig comhlíonadh bunaithe ar mheasúnú riosca agus ar thosaíochtaí. Agus é sin á dhéanamh, tá sraith beartas agus nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an LDA thar gach aonad gnó a chomhlánaíonn an GDPR. Is iad príomhmhéireanna eile atá i bhfeidhm ná ráitis phríobháideachta na heagraíochta atá ar fáil ar www.lda.ie a thugann tuiscint d'úsáideoirí seirbhíse ar an gcaoi a n-úsáideann agus a chosnaíonn an LDA sonraí. Tá fardal i bhfeidhm ag an LDA a shonraíonn saolré na sonraí pearsanta (taifead próiseála). Tá oiliúint agus cumarsáid rithábachtach chun a chinntiú go gcloítear leis an gcultúr agus leis na cleachtais chearta laistigh den eagraíocht. Leanann an LDA ag athbhreithniú agus ag feabhsú a chleachtais maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseálann sé a dhaingniú.

ACMHAINNÍ DAONNA

Eagrúchán

Lean eagrúchán an LDA ag forbairt agus ag neartú le linn 2021. Sa tréimhse Eanáir 2021 go Márta 2022, d'fhás an Ghníomhaireacht faoi 15 go dtí beagán os cionn 50 duine ar fud na bhfeidhmeanna agus na foirne go léir, rud a chuireann le saineolas agus éagsúlacht LDA.

Chun tacú le forbairt leanúnach na heagraíochta, cuireadh Córas Faisnéise Acmhainní Daonna (HRIS) i bhfeidhm go rathúil le linn na tréimhse. Ligfidh sé seo do bhreis uathoibríthe agus comhtháthaithe próiseas agus cruthóidh sé éifeachtúlachtaí oibriúcháin níos fearr.

Tá an LDA tiomanta do thimpeallacht a chothú ina gcuirtear luach ar fhostaithe, ina bhforbraítear iad, ina mbíonn siad spreagtha agus ina gcumasaítear iad chun a gcuid buanna a úsáid chomh maith agus is féidir agus chun feidhmíú ar a ndícheall. I mí an Mhárta 2021, rinneadh suirbhéanna inmheánacha foirne chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghanna agus ar riachtanais na foirne. Bhí na torthaí mar bhonn le tionscnaimh fostaithe, comhoibríthe, agus cleachtais oibre a tugadh isteach níos déanaí in 2021 agus atá beartaithe do 2022. Tabharfar isteach cláir forbartha gairmiúla agus oiliúna breise sna blianta atá romhainn ag díriú ar réimsí amhail bainistíocht, soláthar poiblí, agus ábhair eile a bhaineann leis scoip agus le sainchúram LDA.


Comhdhiseanna, Éagsúlacht, agus Cuimsiú LDA

Tá Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe i bhfeidhm ag an LDA a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go gcaitear le gach duine a idirghníomhaíonn leis an nGníomhaireacht go cothrom agus gan idirdhealú le linn déileáil leis an LDA, go gcaitear go cothrom leo i dtimpeallacht shláintiúil shábháilte saor ó ghuaiseacha, go gcaitear leo le dínit agus le meas ar bhealach cothrom comhsheasmhach i dtimpeallacht nach bhfuil iompar míchuí inghlactha.


Féachann an polasaí seo lena chinntiú go bhfuil an LDA saor ó leatrom, ó chiapadh gnéasach, ó chiapadh nó ó íospairt; go bhfreastalaíonn sé ar éagsúlacht thar na naoi bhforas atá clúdaithe ag an reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta, agus a fhreastalaíonn ar na riachtanais a bhaineann go sonrach le grúpaí áirithe fostaithe; a dhéanann freastal réasúnta ar fhostaithe faoi mhíchumas; agus féachann sé le leas a bhaint as gach fostaí a thagann faoi na naoi gcúiseanna trí chomhionannas a chur chun cinn agus trí ghníomhaíocht dhearfach a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Is iad na naoi bhforas comhionannais a shonraítear faoin reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta ná inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ball den lucht siúil.


Inscne



Raonta Aoise



Náisiúntacht



FINANCIAL STATEMENTS

for the period ended 31 March 2022

Eolas Ginearálta	31
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta	32
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	38
Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleách	42
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta	44
Ráiteas ar Ioncaim Cuimsitheach Eile	45
Ráiteas Ar Staid Airgeadais	46
Ráiteas Sreafaí Airgid	47
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	48

EOLAS GINEARÁLTA

Ceannoifig	Gníomhaireacht Forbartha Talún 2ú Urlár Teach Ashford Sráid na Teamhrach Baile Átha Cliath D02 VX67
Comhaltaí an Bhoird	John Moran <i>D'éirigh as 30 Aibreán 2021</i> John Coleman <i>Príomhoifigeach Feidhmiúcháin</i> Clare Costello <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i> Caroline Timmons <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i> John O'Connor <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i> Michael Stone <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i> Michelle Norris <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i> Frank Curran <i>Ceaptha 14 Eanáir 2021 agus D'éirigh as 31 Márta 2022</i> Timothy Bouchier-Hayes <i>D'éirigh as 30 Aibreán 2021</i> Conn Murray <i>D'éirigh as 31 Márta 2022</i>
Uimhir Theileadóin	01 910 3400
Suíomh Gréasáin	www.lda.ie
Ríomhphost	info@lda.ie
Iniúcháirí	Mazars Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil Ionad Harcourt Bloc 3 Bóthar Harcourt Baile Átha Cliath D02 A339
Baincéirí	AIB 1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath D02 X342
Aturnaetha	Arthur Cox 10 Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath D02 T380

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Rialachas

Is de chuid na Gníomhaireachta Forbartha Talún na ráitis airgeadais seo agus na nótaí a ghabhann leo (dá ngairtear “an LDA” nó “an Ghníomhaireacht” anseo feasta) arna mbunú le hionstraim reachtúil uimh. 352 de 2018 arna leasú (“Ordú 2018”).

An 21 Iúil 2021, síníodh an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (an “tAcht”) ina dhlí. Bhunaigh an tAcht eintiteas nua, The Land Development Agency DAC, (dá ngairtear “LDA DAC” anseo feasta) le feidhmeanna mar atá leagtha amach in Alt 14 den Acht. Foráiltear leis an Acht go ndíscaoilfear an t-eintiteas bunaidh mar a bunaíodh é le hOrdú 2018.

An 31 Márta 2022, d’eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an “tAire”) ionstraim reachtúil uimh. 144 de 2022 - Ordú an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (an lá díscaoilte) 2022 ag díscaoileadh an chomhlachta mar a bunaíodh le hOrdú 2018. Ar an lá céanna, d’eisigh an tAire ionstraim reachtúil uimh. 143 de 2022 - Ordú an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 (tosach feidhme) 2022 a chuireann tús LE hoibriú LDA DAC agus ailt eile den Acht.

Nuair a díscaoileadh an comhlacht mar a bunaíodh é le hOrdú 2018, d’éirigh comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta as agus bunaíodh Bord nua do LDA DAC. Tá Bord LDA DAC ag feidhmiú ón 1 Aibreán 2022. Déanann a Bhord maoirseacht ar rialachas an LDA, a leagann síos cuspóirí straitéiseacha agus a threoraíonn cinní straitéiseacha ar gach príomhcheist ghnó. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta (“POF”) freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an LDA ó lá go lá. Leanann an Cathaoirleach agus an POF an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus deimhníonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag Comhaltaí den Bhord ar na gníomhaíochtaí ábhartha agus na cinní a bhaineann leis an Ghníomhaíocht, agus ar na rioscaí suntasacha a bhfuil tionchar acu ar an Ghníomhaíocht. Feidhmíonn an Cathaoirleach mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an POF.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord cuntasach don Aire as a fheidhmeanna thuas a chomhlíonadh agus cuirfidh sé an tAire ar an eolas i scríbhinn faoi aon ábhar a mheasann sé a éilíonn aird an Aire.

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) (“an Cód”), tá an Bord freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí an LDA a threorú agus a stiúradh laistigh de chreat rialuithe inmheánacha stuama agus éifeachtacha a chuireann ar chumas riosca a mheas agus a bhainistiú.

Ceanglaítear ar an mBord gníomhú ar bhonn eolasach eiticíúil iomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas an chomhlachta Stáit, agus aird chuí á tabhairt aige ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tá an Bord freagrach as an POF agus an bhainistíocht shinsreach a thabhairt chun cuntais as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí. Tá sé de fhreagracht ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Bhord chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Caithfidh an POF dearbhú a thabhairt don Bhord freisin go bhfuil na feidhmeanna a tharmlig sé chuige á gcomhlíonadh go cuí.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú aici ní mór don Bhord:

- Roghnaigh beartais chuntasáíochta oiriúnacha agus cuir i bhfeidhm iad go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.
- Ullmhaigh na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé ag feidhmiú.
- A rá cibé ar leanadh de chaighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasáíochta cuí a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, staid airgeadais na Gníomhaireachta agus go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais an Cód agus riachtanais reachtúla eile. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as an pleán gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tá an Bord freagrach leis as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta an 31 Márta 2022.

Struchtúr an Bhoird

Le linn an tréimhse cúig mhí déag a chríochnaigh 31 Márta 2022, bhí Cathaoirleach ar chomhaltaí Bhoird na Gníomhaireachta agus idir seachtar agus naonúr gcomhalta eile, ar cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta gach duine acu. Tháinig comhaltaí an Bhoird le chéile ceithre uair déag idir 1 Enáir 2021 agus 31 Márta 2022. Sa tábla thíos mínítear sonraí na tréimhse cheapacháin do bhaill reatha:

Comhaltaí an Bhoird	Ról	Dáta ceaptha	Dáta éirithe as
John Moran	Cathaoirleach	25 Ean 2019	30 Aib 2021
Timothy Bouchier-Hayes	Comhalta	25 Ean 2019	30 Apr 2021
John Coleman	POF	25 Ean 2019	31 Már 2022
Clare Costello	Comhalta	25 Ean 2019	31 Már 2022
Caroline Timmons	Comhalta	25 Ean 2019	31 Már 2022
John O'Connor	Comhalta	25 Ean 2019	31 Már 2022
Michael Stone	Cathaoirleach Gníomhach	25 Ean 2019	31 Már 2022
Michelle Norris	Comhalta	25 Ean 2019	31 Már 2022
Conn Murray	Comhalta	25 Ean 2019	31 Már 2022
Frank Curran	Comhalta	14 Ean 2021	31 Már 2022

Coistí

D'fhoráil Ordú 2018 go mbunófar aon choistí a mheas an Bord a bheith riachtanach chun críocha cúnamh agus comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.

Bhunaigh an Bord ceithre Choiste chun maoirseacht mhionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha an Choiste faoi seach.

Is iad na Coistí seo:

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca
2. Coiste Infheistíochta
3. An Coiste Luach Saothair agus Ainmiúcháin
4. An Coiste Pleanáil Straitéisí agus Inbhuanaitheachta

Feidhmíonn gach ceann de na coistí seo faoi Chathaoirleach atá ina chomhalta Boird agus tá trí bhall ar a laghad sa bhallaíocht.

Tá na Coistí i dteideal a iarraidh ar aon fostaí de chuid LDA a bheith i láthair nó cuir i láthair ag a chuid cruinnithe. Mura bhfuil an Coiste sásta leis an ábhar atá i nuashonruithe ó bhéal nó i scríbhinn nó i míniúcháin a thugann fostaí, is féidir leis tuilleadh faisnéise agus tinreamh leantach a lorg ag cruinnithe an Choiste.

Ag gach cruinniú Boird, soláthraíonn gach Cathaoirleach Coiste nuashonrú ar obair a choiste ón gcruinniú Boird roimhe seo. Cuirtear cóipeanna de mhiontuairiscí faofa chruinnithe an choiste ar fáil do gach comhalta den Bhoird ar bhonn rialta. Déanann gach Coiste athbhreithniú ar rioscaí ábhartha laistigh dá réimse freagrachta agus cinntíonn siad go ndéantar bainistíocht agus maolú iomchuí ar rioscaí.

Tá Téarmaí Tagartha achoimrithe ballraíocht gach coiste mar a leanas:

1. **An Coiste Iniúchta agus Riosca:** Conn Murray (Cathaoirleach), Clare Costello (Comhalta Boird), Caroline Timmons (Comhalta Boird) agus Tony O'Brien (Comhalta Seachtrach). Is é cuspóir an Choiste Iniúchta agus Riosca:
 - Cuidiú leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht agus iomláine Próiseas Ullmhúcháin na Ráitis Airgeadais agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an próisis iniúchta inmheánaigh, na feidhme comhlíonta, agus na torthaí ón iniúchadh reachtúil a mheas; agus
 - Cuidiú leis an mBord lena maoirseacht ar chreat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta lena n-áirítear:
 - Inghlacthachtariosca a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar chloí le rialachas riosca agus a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainnithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.
 - Caighdeán a leagan síos chun monatóireacht chruinn agus thráthúil a dhéanamh ar neamhchosaintí móra agus cineálacha riosca a bhfuil tábhacht chriticiúil leo.
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis fhoriomlána measúnaithe riosca a chuireann bonn eolais faoi chinnteoireacht na Gníomhaireachta, ag cinntiú go n-úsáidtear méadrachtaí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar oibriú na bhfeidhmeanna Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bainistíochta Riosca, a bhainistíonn an gnólacht seirbhísí gairmiúla seachfhoinsithe agus an Ceann Airgeadais faoi seach ar bhonn laethúil.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA (ar lean)

2. **Coiste Infheistíochta:** Michael Stone (Cathaoirleach), John O'Connor (Comhalta Boird), John Coleman (POF) Timothy Bouchier-Hayes (Comhalta Boird) agus Barry O'Brien (Ceann Infheistíochta).

- Is é cuspóir an Choiste Infheistíochta cúnadh agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le hinfheistíochtaí tráchtála na Gníomhaireachta a rialú agus a bhainistiú, go sonrach:
 - Comhairle a thabhairt don Gníomhaireacht maidir lena straitéis infheistíochta tráchtála.
 - Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíochta tráchtála seo.
 - Deiseanna infheistíochta/forbartha aonair agus na meicníochtaí maoinithe chun iad a sheachadadh a mheas, agus chun a fháil amach cé chomh maith agus a oireann siad seo do straitéis na Gníomhaireachta agus don Bheartas Infheistíochta.
 - Tionscadail infheistíochta/forbartha agus a meicníochtaí maoinithe a fhaomhadh agus/nó moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil leis an méid thuas de réir leibhéil na nÚdarás Tarmligthe.
 - Ceannach agus ceannach beartaithe tailte a cheadú, agus/nó moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil leis an méid thuas de réir Leibhéil na nÚdarás Tarmligthe.

3. **An Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin:** Timothy Bouchier-Hayes (Cathaoirleach), Michelle Norris (Comhalta Boird) agus John Moran (Cathaoirleach an Bhoird). Is é cuspóir an Choiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin:

- Cuidiú leis an mBord a chinntiú go gcoinníonn an Gníomhaireacht agus an EMT struchtúr, méid agus cothromaíocht scileanna iomchuí chun tacú le cuspóirí agus luachanna straitéiseacha na Gníomhaireachta.

- Cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le socruithe luach saothair bainistíochta sinsearaí a chinneadh, a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú chun earcaíocht, spreagadh agus coinneáil foirne feidhmiúcháin sinsearaí a chumasú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe le haghaidh ceapachán sinsearach, pleanáil comharbais agus athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Bhord maidir leis na beartais agus an creat luach saothair don fhoireann uile.

Níl an Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin freagrach as comhaltaí an Bhoird a cheapadh, nó as POF a cheapadh nó a luach saothair.

4. **An Coiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht:** John O'Connor (Cathaoirleach), Michele Norris (Comhalta Boird), Frank Curran (Comhalta Boird), John Coleman (POF) agus Dearbhla Lawson (Ceannasaí Pleanála Straitéisí). Is é cuspóir an Choiste um Pleanáil Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht:

- Tacú leis an mBord chun straitéis na Gníomhaireachta a fhorbairt chun deiseanna rochtana ar thalamh amach anseo (lena n-áirítear limistéir straitéiseacha) a aithint agus a chur in ord tosaíochta, go sonrach:
 - Ag teacht lena shainchúram, comhairle a thabhairt ar straitéis na Gníomhaireachta chun deiseanna straitéiseacha fála talún agus/nó forbartha a aithint.
 - Treoir a thabhairt ar an gcur chuige maidir le tuairisciú don Rialtas ar chlár na dtailte poiblí agus na dtailte ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht nó d'fhorbairt uirbeach.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chuspóirí comhshaoil agus inbhuanaitheachta na Gníomhaireachta.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe na Gníomhaireachta agus an Choiste ó 1 Eanáir 2021 go 31 Márta 2022 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na caiteachais a fhaigheann gach comhalta:

	Bord	An Coiste Iníúchta agus Riosca	An Coiste		Coiste Infheistíochta	Coiste Pleanáil Straitéisí agus Inbhuanaitheachta	Táillí	Costaisí	Táillí	Costaisí
			Luach Saothair and Ainmniúcháin	Coiste			Tréimhse 15 mhí ag críoch 31 Már 2022 €	Tréimhse 15 mhí ag críoch 31 Már 2022 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €
Líon cruinnithe	14	8	2	12	3					
John Moran	3	n/a	2	n/a	n/a	10,500	-	31,500	1,040	
John Coleman	14	n/a	n/a	12	2	-	-	-	-	
Clare Costello	11	7	n/a	n/a	n/a	-	-	-	-	
Caroline Timmons	11	5	n/a	n/a	n/a	-	-	-	-	
John O'Connor	13	n/a	n/a	11	3	-	-	-	-	
Michael Stone	14	n/a	n/a	12	n/a	-	-	-	-	
Michelle Norris	12	n/a	2	n/a	2	-	-	-	-	
Timothy Bouchier-Hayes	3	n/a	2	9	n/a	5,250	-	15,750	-	
Conn Murray	10	8	n/a	n/a	n/a	15,750	-	15,750	-	
Tony O'Brien (Neamh-Bhord)	n/a	8	n/a	n/a	n/a	-	-	-	-	
Frank Curran	11	n/a	n/a	n/a	3					
Barry O'Brien (Infheistíochta)	n/a	n/a	n/a	11	n/a	-	-	-	-	
Dearbhla Lawson (Ceann Pleanála Stráitéiseach)	n/a	n/a	n/a	n/a	3	-	-	-	-	
						31,500	-	63,000	1,040	

Príomhathruithe Pearsanra

Le linn tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022, bhí dhá athrú pearsanra lárnacha sa Gníomhaireacht Forbartha Talún.

Nochtuithe riachtanacha ag Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an LDA ceanglais an Chóid, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA (ar lean)

Miondealú ar Shochair Ghearrthearma Fostaithe

Is iad seo a leanas sochair fhostaithe os cionn €60,000 (lena n-áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile ach gan PRSI fostóra a áireamh) a fuarthas don tréimhse tuairiscithe:

Réimse na sochair fostaithe iomlána Ó Go	An Líon Fostaithe 2022*	An Líon Fostaithe 2020
€60,001 - €70,000	9	0
€70,001 - €80,000	2	1
€80,001 - €90,000	6	0
€90,001 - €100,000	3	1
€100,001 - €110,000	1	0
€110,001 - €120,000	3	1
€120,001 - €130,000	2	2
€130,001 - €140,000	2	1
€140,001 - €150,000	0	0
€150,001 - €160,000	2	2
€160,001 - €170,000	0	0
€170,001 - €180,000	0	0
€180,001 - €190,000	0	0
€190,001 - €200,000	0	0
€200,001 - €210,000	1	1

Nóta: Tá fostaithe a aistrítear chuig an nGníomhaireacht ar shocruithe íasachta ó ghníomhaireachtaí rialtais eile eisiata ón nochtadh seo

* Tá ríomh tábla 2022 bunaithe ar olltuarastail bhliantúla de réir an chonartha fostaíochta

Bhí 37 fostaí ag an nGníomhaireacht amhail an 1 Eanáir 2021 agus 51 fostaí amhail an 31 Márta 2022. Is é 47 meánlíon na bhfostaithe don tréimhse tuairiscithe, de réir Nóta 6 de na Ráitis Airgeadais.

Costais Comhairleach

Ar chostais chomhairleach áirítear costas ar chomhairle ón taobh amuigh ar an mbainistíocht agus ní ghlactar feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe san áireamh.

	Tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Már 2022 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €
Comhairle Dlí	236,384	426,013
Comhairleach Corparáideach	120,003	68,789
Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid	137,728	70,276
Iomlán na gCostas Comhairleach	494,115	565,078
Costais comhairleach caipitlithe	-	-
Costais comhairleach a ghearrtar ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe	494,115	565,078
Iomlán	494,115	565,078

Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla

Soláthraíonn an tábla thíos miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear air seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Gníomhaireacht agus a nochtar faoi chostais chomhairleoireachta thuas.

	Tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Már 2022 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €
Táillí dlí - imeachtaí dlí	-	-
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
Iomlán	-	-

Caiteachais taistil agus cothabhála

Tá na catagóirí seo a leanas ar chaiteachais taistil agus cothabhála:

	Tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Már 2022 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €
Baile		
– Bord	-	1,040
– Fostaithe	8,777	13,725
Idirnáisiúnta		
– Bord	-	-
– Fostaithe	836	-
Iomlán	9,613	14,765

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	Tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Már 2022 €	Bliain dar críoch 31 Noll 2020 €
Fáilteachas foirne	-	-
– Fáilteachas Imeachta Gníomhaireachta	-	2,263
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán	-	2,263

Ráiteas Géilliúlachta

Tá an Gníomhaireacht faoi réir an gCód agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici chun comhlíonadh fhorálacha an Chóid a chinntiú. Comhlíonann an Gníomhaireacht an Cód don tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022.

Cánachas

Deimhníonn an Gníomhaireacht go gcomhlíontar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an Bord eiseamláireach maidir lena oibleagáidí faoi dlíthe cánachais a chomhlíonadh agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar dhátaí dlite ábhartha nó roimhe sin.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaítear leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun déileáil le nochtuithe cosanta agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar d'fhostaithe maidir leis na nósanna imeachta seo. Tá nósanna imeachta dá leithéid i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. Le linn an tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022, ní dhearna fostaí de chuid na Gníomhaireachta aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta.



John Coleman

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Lúnasa 2022

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Déantar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach trí thagairt d'fhoráil den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi seo laistigh de chreat rialaithe inmheánaigh a bhunaigh Bord na Gníomhaireachta agus a ndearna an Bord agus a Choistí monatóireacht air.

An Réimse Freagrachta

De réir cheanglais Alt 7.3 den Chód, admhaítear go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh a bhunú, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil.

Féidhm an Chóras um Rialú Inmheánach

Leagadh amach an córas um rialú inmheánach chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas fáil réidh leis. Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta agus ní daingean a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear is do dtaifeadtar gnóthais mar is cóir agus go gcoisctear nó go dtagtar ar earráidí ábhartha nó neamhrialta in am tráth.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh den Ghníomhaireacht don tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais, seachas na hábhair um chomhlíonadh soláthair a luaitear thíos.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tugtar aghaidh ar fhreagracht an Bhoird riosca a bhainistiú trí Bheartas agus Chreat Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta a thugann cur chuige córasach disciplínithe maidir le riosca a aithint, a mheas, a mhaolú agus a thuairisciú ar fud na Gníomhaireachta.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ("ARC"), a thuairiscíonn don Bhord, i bhfeidhm agus tá beirt chomhalta neamhfheidhmiúcháin den Bhord agus comhalta seachtrach amháin ann, gach duine acu a bhfuil taithí ábhartha airgeadais agus iniúchta acu agus a bhfuil duine acu ina Chathaoirleach. Tá an ARC freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Bheartais agus an Chreata um Bainistíocht Riosca agus déanann sé monatóireacht ar chloí leis na socrúithe rialachais riosca ann.

Tá an ARC freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm Iniúchta Inmheánaigh na Gníomhaireachta, lena n-áirítear Plean Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar riosca a cheadú. Tá maoirseacht ag an gCoiste freisin ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, ag déanamh monatóireachta ar éifeachtacht ról an Iniúchta Inmheánaigh i gcomhthéacs bhonneagar bainistíochta

riosca foriomlán na Gníomhaireachta. Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 8 n-uaire le linn an tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022.

I bhfianaise phríomhchuspóir na Gníomhaireachta maoin chónaithe inacmhainne a fhorbairt ar thailte Stáit agus eile, tá an Ghníomhaireacht faoi réir infheistíochta bunúsacha agus riosca seachadta tithíochta. Áirítear leis na rioscaí seo an fhéidearthacht go dtarlódh cailteanais i gcoibhneas leis na torthaí infheistíochta a bhfuil súil leo agus an riosca go mbeidh easnaimh ann maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chostas agus ar sheachadadh tionscadal forbartha a bhféadfadh torthaí buiséadacha agus airgeadais dochracha teacht astu.

Maidir leis sin, tá ról riachtanach ag Coiste Infheistíochta an Bhoird ("IC") i mbainistiú an riosca a bhaineann le hinfeistíochtaí tráchtála agus tograí forbartha maoine na Gníomhaireachta. Cuimsíonn an IC Ceann Infheistíochta na Gníomhaireachta agus triúr Comhalta Boidr, duine acu ag gníomhú mar Chathaoirleach. Déanann an IC measúnú agus faomhadh, de réir Thoscaireacht Airgeadais Bheartas an Údaráis, Deiseanna infheistíochta agus forbartha aonair agus cinntíonn sé go bhfuil siad ag teacht le príomhchuspóirí, méadrachtaí airgeadais, Beartas Infheistíochta agus Polasaí Soláthair na Gníomhaireachta.

Sainmhíonann Creat Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta ról agus freagrachtaí i ndáil le bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta agus tá tiomantas ann a chinntiú go bhfuil maolú riosca agus rialú inmheánach mar chuid lárnach agus leabaithe d'oibríochtaí na Gníomhaireachta.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá cur i bhfeidhm an Chreata Riosca agus Rialaithe éifeachtach deartha chun feidhmíocht fhoriomlán na Gníomhaireachta a fheabhsú trí riosca a nascadh go dlúth lena straitéis agus lena cuspóirí, ag soláthar bealach soiléir chun luach a chruthú, a chaomhnú agus a réadú don Ghníomhaireacht agus dá geallsealbhoirí.

Tá an EMT freagrach as an gCreat agus an Beartas Bainistíochta Riosca a leabú sa Ghníomhaireacht agus as a chinneadh conas a chuirtear a riachtanais i bhfeidhm go praiticiúil agus i ngníomhaíochtaí oibríochta ó lá go lá. Is freagracht ar fud na Gníomhaireachta iad Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach a chuimsíonn rannpháirtíocht ghníomhach agus comhoibriú na bhfostaithe go léir.

Tá an Beartas agus an Creat Bainistíochta Riosca bunaithe ar an tsamhail trí líne chosanta, ag cur cuntasacht agus úinéireacht rioscaí aonair chun cinn ar fud na Gníomhaireachta.

Soláthraíonn ranna aonair na Gníomhaireachta, go háirithe na feidhmeanna Infheistíochta agus Maoine, an chéad líne chosanta a bhfuil príomhfhreagracht orthu riosca a aithint agus a thomhas agus na gníomhartha agus rialuithe maolaitheacha is iomchuí a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do bheartais, nósanna imeachta agus próisis rialaithe inmheánacha ar leith.

Cuimsíonn an dara líne chosanta oifigigh Riosca agus Comhlíonta na Gníomhaireachta, a ghníomhaíonn i gcáil chomhairleach agus mhaoirseachta, a sholáthraíonn treoir agus dúshlán maidir le próiseas measúnaithe riosca na bainistíochta sinsearaí agus neart agus oiriúnacht na rialuithe maolaitheacha a shainaithnítear.

Is í an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh an tríú líne chosanta agus is aonad dearbhaithe oibiachtúil agus comhairliúcháin í atá deartha chun luach a chur leis trí mheasúnú agus tuairiscíú neamhspleách a dhéanamh ar éifeachtacht phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe inmheánaigh agus rialachais na Gníomhaireachta.

Le linn na tréimhse airgeadais, rinne feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí seachfhoinsithe an LDA athbhreithniú / tuairiscíú ar na feidhmeanna Gníomhaireachta seo a leanas, ag soláthar moltaí sonracha chun bearnaí rialaithe a dhúnadh agus/nó chun próisis, nósanna imeachta agus timpeallacht rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta a fheabhsú tuilleadh:

1. Rialachas & Bainistíocht Riosca
2. Rialuithe Ginearálta TF
3. Soláthar
4. Earcaíocht Acmhainní Daonna
5. Cibearshlándaíl
6. Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach
7. Obair Leantach Infheistíochta & Réadmhaoine

Tá an bhainistíocht i mbun na moltaí a rinneadh sna tuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí seo a chur i bhfeidhm. Ar bhonn tréimhsiúil, déanann an fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí athbhreithnithe leantacha chun dul chun cinn na Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm na moltaí comhaontaithe a mheas agus tuairisc a thabhairt orthu.

Dearbhaíonn an Cathaoirleach agus an Bord freisin go ndéanann an t-iniúchóir seachtrach, mar chuid dá gcur chuige iniúchta, timpeallacht rialaithe na Gníomhaireachta a mheas agus tuairiscíonn siad aon easnaimh rialaithe suntasacha a sainaitníodh le linn a n-iniúchta.

Is príomh-aschur den phróiseas bainistíochta riosca é Clár Riosca na Gníomhaireachta. Tá nasc intreach ag an gclár le cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta agus aithníonn sé go soiléir, agus sonraítear ann na rioscaí a

mbeadh tionchar suntasach acu, dá dtarlódh siad, ar chumas na Gníomhaireachta na cuspóirí gnó aonair atá mar bhonn agus taca lena misean a bhaint amach.

Cuid dhílis de phróiseas bainistíochta riosca na Gníomhaireachta is ea an córas rialaithe inmheánaigh toisc go bhfuil sé deartha chun a chur ar chumas na Gníomhaireachta freagairt do na rioscaí atá aitheanta aici. Cuimsíonn an córas seo na beartais, na nósanna imeachta, na próisis, na tascanna agus na hiompraíochtaí atá curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun riosca a bhainistiú, atá deartha chun riosca a laghdú go leibhéil níos inghlactha agus inghlactha.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Mar chuid dá fhreagrachtaí, déanann an Bord, trína Choiste Iniúchta agus Riosca, monatóireacht leanúnach ar bhonneagar bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta. Gach bliain, déanann an Bord measúnú ar éifeachtacht na mbeartas agus na nósanna imeachta riosca, comhlíonta agus rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a nuashonrú agus a mhaolú agus go ndéantar athruithe suntasacha ar phróifíl riosca na Gníomhaireachta a aibhsiú agus a phlé. Cuirtear na freagrachtaí seo i gcrích mar a leanas:

- Athbhreithniú rialta ar Chlár Riosca na Gníomhaireachta agus nuashonrú air.
- Bainistíocht Riosca mar mhír bhuan ar Chlár Oibre an Bhoird agus rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn á mbreithniú.
- Breithmheas agus faomhadh an Choiste Infheistíochta ar dheiseanna infheistíochta agus forbartha.
- Tuairiscíú Bainistíochta Riosca Foirmiúil don Choiste Iniúchta agus Riosca.
- Athbhreithniú agus tuairiscíú iniúchta inmheánaigh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus nósanna imeachta rialachais atá deartha chun rioscaí a mhaolú.
- Athbhreithniú bliantúil ar phríomhbheartais rialaithe inmheánaigh, comhlíonta agus rialachais ag cinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm i gcomhthéacs timpeallacht rialaithe riosca, rialála agus airgeadais foriomlán na Gníomhaireachta.
- Monatóireacht rialta ag bainistíocht rioscaí atá ag teacht chun cinn amhail iad siúd a bhaineann le COVID -19, an choimhlint san Úcráin agus na méaduithe suntasacha ar chostais mhaireachtála a spreagann an timpeallacht ardbhoilscithe agus a dtionchar ar thimpeallacht fhoriomlán riosca agus rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (ar lean)

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat sonraí bainistíochta rialta agus tuairiscithe chomh maith le beartais shonracha um chomhlíonadh agus rialú airgeadais inmheánach agus doiciméid nós imeachta lena n-áirítear:

- Próiseas buiséid bliantúil lena n-áirítear buiséid mionsonraithe infheistíochta agus forbartha maoinne a ndéanann an Coiste Infheistíochta agus an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu.
- Tuairiscí airgeadais míosúil i gcoinne an bhuiséid le míniú ar phríomh-athraitheas.
- Sraith beartais rialaithe inmheánaigh airgeadais mar Údarás Toscaireachta Airgeadais foirmiúil, Beartas Infheistíochta, Beartas um Rialú Inmheánach Baincáireachta agus Beartas um Fháil le hÍoc.
- Nósanna imeachta agus rialuithe a bhaineann le sonraí, cumarsáid agus slándáil TF.

Soláthar

Tá an LDA faoi réir Threoir 2014/24 / AE an Aontais Eorpaigh (“AE”) arna chur chun feidhme in Éirinn le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dámhachtain Conarthaí Údarais Phoiblí) 2016 (na ‘Rialacháin’), maidir le hearraí a sholáthar, oibreacha agus seirbhísí os cionn tairseacha luacha áirithe arna socrú ag an AE.

Ina dhiaidh sin d’eisigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) Treoirínte um Sholáthar Poiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí (Leagan 2: Eisithe Eanáir 2019) a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí na treoirínte seo a chur i bhfeidhm ní amháin os cionn thairseacha an AE ach freisin luachanna faoi bhun na dtairseach AE thuasluaite.

Cuirtear riachtanais soláthair an LDA i gcrích de réir na ndoiciméad thuasluaite a chuimsíonn dlíthe is infheidhme.

Maoluithe

Ní hionann úsáid maoluithe faoi Dhoiciméid Soláthair na Gníomhaireachta agus soláthar neamhchomhlíontach.

Tá sonraí na maoluithe leagtha amach sa tábla thíos. Le linn an tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022, is ionann na maoluithe ceadaithe agus luach iomlán €334,767.

Réasúnaíocht i leith Maolaithe	Líon na Maoluithe	Luach
Soláthraí Eisiach - m.sh. An Bord Pleanála	6	€334,767
IOMLÁN	6	€334,767

Athbhreithniú ar Éifeacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid próiseas bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh. Faigheann an t-athbhreithniú leanúnach ar an gcóras rialaithe inmheánaigh tacaíocht ó obair an iniúcháir inmheánaigh le maoirseacht ón gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá Bainistíocht Shinsearach na Gníomhaireachta freagrach as forbairt agus cothabháil leanúnach an chreata rialaithe inmheánaigh.

Maidir leis an tréimhse 15 mhí dar críoch 31 Márta 2022, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh – (Saincheisteanna Criticiúla)

i. Cibearshlándaí

Choimisiúnaigh an Gníomhaireacht athbhreithniú neamhspleách iniúcháireachta inmheánaí ar dheardh agus éifeachtacht oibríocháin na bpríomhrialuithe cibearshlánda atá i bhfeidhm, ag díriú ar phróiseas agus ar rialuithe na Gníomhaireachta. D’aithin an fhoireann iniúcháireachta inmheánaí laigí agus easnaimh le rialachas cibearshlánda agus próiseas bainistíochta riosca cibearshlánda na Gníomhaireachta. Tá athruithe molta á gcur i bhfeidhm ina n - iomláine ag an nGníomhaireacht faoi láthair, agus tá na feabhsuithe seo a leanas déanta aici chun aghaidh a thabhairt ar na laigí oibríochtúla:

- Tá Bainisteoir Oibríochta agus Slándála TF earcaithe ag an nGníomhaireacht a bhfuil an tacar scileanna riachtanach aige chun rialuithe a chur chun feidhme agus chun feabhas agus straitéis eagraíochtúil a threorú i dtreo rioscaí cibearshlánda atá os comhair na Gníomhaireachta a mhaolú.
- Tá beartais oibríochtúla cibearshlánda bunaithe ag an nGníomhaireacht do na fostaithe, agus d’eagraigh sí oiliúint iomchuí ar fud na heagraíochta chun feasacht a mhéadú maidir leis na rioscaí cibearshlánda atá os comhair na Gníomhaireachta.

ii. Cloí le rialacha soláthair

Thabhaíonn an Gníomhaireacht caiteachas maidir le hearraí agus seirbhísí faoi réir rialachán soláthair atá mar bhonn agus mar thaca ag treoir an AE 2014/24 agus Treoirínte um Sholáthar Poiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí. De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus chreat an bheartais soláthair poiblí, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht a chinntiú go ndéantar gach conradh atá ar luach €25,000 nó níos mó, a urrú go hiomaíoch agus de réir na riachtanas soláthair poiblí agus na leibhéil neamh-chomhlíonadh aitheanta.

Tá leibhéal ard trédhearcachta ionchorpraithe ag an nGníomhaireacht trína próisis soláthair agus úsáideann sí eTenders agus Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU).

Don tréimhse 15 mhí dar críoch an 31 Márta 2022, sainaitníodh in athbhreithniú inmheánach ar sholáthar €38,225 den chaiteachas (gan CBL san áireamh) agus níor chomhlíon sé treoirínte soláthair. D'éascair €11,654 den neamhchomhlíonadh mar gheall ar dhá shárú ar chonarthaí agus meastóireacht á déanamh ar thairiscintí do na seirbhísí sin, agus €26,571 a bhain le seirbhísí maoine speisialaithe a thairg comhairleoir seachtrach.

Rinneadh na céimeanna breise seo a leanas mar chuid de bhonneagar oibríocháin na Gníomhaireachta a neartú chun comhlíonadh leanúnach na dtreoirínte soláthair a chinntiú:

- Tá creataí soláthair i bhfeidhm do gach seirbhís shuntasach, a tairgeadh go hoscailte agus na rialacháin á gcomhlíonadh go hiomlán.
- Leathnú leanúnach ar an bhfeidhm soláthair i gcomhréir leis an méadú ar oibríochtaí tráchtála.
- An cultúr comhlíonta agus feasacht mhéadaithe ar riachtanais soláthair a neartú trí fhoireann soláthair a uasoiliúint, seimineáir oiliúna inmheánacha a eagrú, agus rannpháirtíocht agus comhoibriú laistigh den Ghníomhaireacht a mhéadú.



John Coleman
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Meitheamh 2021

TUARASCÁIL INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL NA GNÍOMHAIREACHTA FORBARTHA TALÚN

Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Barúil

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha Talún ('an Ghníomhaireacht'), a chuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile, Ráiteas ar Staid Airgeadais, Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim, agus nótaí le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 2. Is é dlí na hÉireann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú agus FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102).*

Is é ár dtuairim na ráitis airgeadais a ghabhann leo:

- léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Márta 2022 agus ar an toradh ar an tréimhse a chríochnaigh ansin; agus
- go raibh siad ullmhaithe i gceart de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid *Freagrachtaí an Iniúchára as Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais* dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an nGníomhaireacht de réir na gceanglas eitice atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar é ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gceanglas seo.

